Údarás Rialála Seirbhísí Maoine
Property Services Regulatory Authority

# AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE
# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2019







# MISEAN

Is é misean an Údaráis soláthraithe seirbhísí maoine (Ceantálaithe, Gníomhairí Eastáit, Gníomhairí Ligin agus Gníomhairí Bainistíochta) a cheadúnú, a mhaoirsiú agus a rialáil agus leasanna an phobail a chosaint i dtaca lena n-idirghníomhaíocht le soláthraithe seirbhísí maoine trína chinntiú go gcoinnítear ardchaighdeáin ar bun agus go gcuirtear na hardchaighdeáin sin i bhfeidhm.

# LUACHANNA

## LEAS AN PHOBAIL

Tá an tÚdarás tiomanta i leith a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach neamhspleách agus ar mhaithe le leas an phobail.

## RIALACHAS

Tá an tÚdarás tiomanta i leith ardchaighdeáin rialachais agus ionracais a chomhlíonadh agus i leith a ghnó a sheoladh ar bhealach éifeachtach éifeachtúil.

## COMHRÉIREACHT

Déanann an tÚdarás rialáil ar bhealach comhréireach trí acmhainní a spriocdhíriú ar réimsí lena mbaineann riosca.

## COMHAIRLIÚCHÁN

Tá an tÚdarás tiomanta i leith comhoibriú lena gheallsealbhóirí maidir le forbairt agus soláthar leanúnach a chuid seirbhísí.

## TIOMANTAS I LEITH NA FOIRNE

Tá an tÚdarás tiomanta i leith tacaíocht a thabhairt dá bhaill foirne i ndáil leis na spriocanna straitéiseacha atá aige a bhaint amach agus i ndáil le gairmréimeanna a thugann sásamh a fhorbairt san eagraíocht.



# CLÁR NA nÁBHAR


Ráiteas ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach 7

Athbhreithniú ar an mBliain 2019 8

Faisnéis Fúinn 9

Na Nithe a Dhéanaimid 10

Bord agus Coistí an Údaráis 11

- Comhaltaí an Bhoird 12
- Bord na Mór-Smachtbhannaí 13
- An Coiste Iniúchta agus Rioscaí 13
- Coiste Comhairleach an Chiste Cúitimh 13

An Plean Straitéiseach 14

Dul Chun Cinn maidir le Spriocanna Straitéiseacha 15

- Sprioc 1 - Córas Ceadúnúcháin Éifeachtach a Chothabháil 16
- Sprioc 2 - Córas Imscrúdúcháin agus Breithniúcháin a Chothabháil 20
- Sprioc 3 - Caidreamh leis an Earnáil agus Feasacht an Phobail ar an Údarás a Chur Chun Cinn 29
- Sprioc 4 - Cláir Phoiblí a Chothabháil 32
- Sprioc 5 - Eagraíocht atá Éifeachtach agus Éifeachtúil a Sholáthar 34

Aguisín 1 - Ráiteas faoi Rialú Inmheánach 39



# Ráiteas ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach



**Geraldine Clarke**
*Cathaoirleach*



**Maeve Hogan**
*Príomhfheidhmeannach*

Is cúis áthais dúinn tuarascáil bhliantúil an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine don bhliain 2019 a chur i láthair. Sa tuarascáil seo, tugtar forléargas ar ghníomhaíochtaí agus ar aschuir an Údaráis i rith na bliana.

D'óstáil an tÚdarás a chomhdháil tionscnaimh, dar teideal *'Property Services, Facing the Future'*, sa bhliain 2019, bhí an earnáil agus an lucht freastail, a bhí ann i bpearsa nó ar mhodh cianda tríd an tsaoráid bheoshrutha a soláthraíodh, an-sásta léi. Bhí lúcháir orainn fáilte a chur roimh an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an tUas. Charlie Flanagan T.D., a d'oscail an chomhdháil ar an lá chomh maith le fáilte a chur roimh ár gcuid cainteoirí mór le rá go léir ar spreag a gcuid cur i láthair an lucht éisteachta go mór.

Príomhchloch mhíle don Údarás sa bhliain 2019 ab ea foilsiú agus lainseáil tuarascála neamhspleáiche leis an Dr. Róisín Murphy dar teideal *'The Impact of Regulation on the Property Services Sector in Ireland'*, ar tuarascáil í a lean as tionscadal taighde ar cuireadh tús leis sa bhliain 2018 agus a chuir saintaighde ar fáil maidir le rialáil seirbhísí maoine in Éirinn. I measc phríomhfhionnachtana na tuarascála áiríodh an leibhéal ard tacaíochta i leith rialáil na hearnála.

Ceann de na tionscadail shuntasacha a cuireadh i gcrích i rith na bliana ab ea an tionscadail i ndáil le hiarratas ar líne ar cheadúnas le haghaidh Catagóir Bhreise agus ar iarratas ar líne ar cheadúnas le haghaidh Athrú ar Fhostaí Seirbhísí Maoine agus chuir sé sin bailchríoch ar sholáthar na sraithe iarratas ar líne ar cheadúnais do sholáthraithe seirbhísí maoine. Forbairt eile a bhain leis an bhfeidhm cheadúnúcháin ab ea foilsiú leagain athchóirithe den Chlár Soláthraithe Seirbhísí Maoine ar clár aonair é anois ina liostaítear iad siúd atá ceadúnaithe chun seirbhís mhaoine a sholáthar.

Tá lúcháir orainn a thuairisciú gur cuireadh deireadh leis na riaráistí a bhí ann maidir le gearáin. Ina theannta sin, rinne an tÚdarás imscrúduithe ar thuairiscí faoi ghníomhaíocht neamhcheadúnaithe a shaothrú go gníomhach agus, mar thoradh air sin, d'éirigh le trí ionchúiseamh agus le hurghaire san Ard-Chúirt i rith na bliana i gcoinne oibreoir neamhcheadúnaithe. De bhreis air sin, d'éirigh leis an Údarás a chéad toirmeasc a bhaint amach i ndáil le iarcheadúnaí a bheith ag soláthar seirbhísí maoine sa Stát.

Ba thosaíocht i gcónaí é sa bhliain 2019 feasacht an phobail faoi obair agus ról an Údaráis a chur chun cinn agus, mar thoradh air sin, teagmháil a dhéanamh leis an bpobal trí bhíthin dhá fheachtas sna meáin chumarsáide, trí fhreastal ar imeachtaí lena n-áirítear an *'Ideal Home Show'* i mBaile Átha Cliath agus ar *'50Plus Expos'* i Luimneach, i mBaile Átha Luain agus i nGaillimh agus, chomh maith leis sin, trí fhreastal a dhéanamh ar an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i gCeatharlach. Cuireann na himeachtaí sin deis an-tábhachtach ar fáil chun bualadh le daoine den phobal agus chun ról an Údaráis a chur chun cinn.

Sa bhliain 2019, tháinig deireadh le téarmaí oifige cúigear comhaltaí de Bhord an Údaráis a bhí ag fónamh ar an mBord ón tráth ar tionscnaíodh é i mí Aibreáin 2012. Ba mhaith linn an deis seo a thapú chun buíochas ó chroí a ghabháil leo as a seirbhís, as a bhfís agus as a dtiomantas. Ina theannta sin, cuirimid fáilte roimh na comhaltaí den Bhord a ceapadh i rith na bliana agus, chomh maith leis sin, tugaimid aitheantas don tacaíocht agus den díograis leanúnach a léirigh na comhaltaí a lean de bheith ag fónamh ar an mBord.

Chomh maith leis sin, táimid buíoch de chomhaltaí seachtracha na gCoistí, de chomhaltaí an Fhóraim, de Cheadúnaithe agus dá mbaill foirne, agus dár ngeallsealbhóirí go léir as an obair a rinne siad.

Mar fhocal scoir, ba mhaith linn aitheantas a thabhairt d'fhoireann uile an Údaráis, agus buíochas a ghabháil leo, maidir lena dtiomantas leanúnach i leith aschuir ardchaighdeáin a chur ar fáil thar ceann na heagraíochta.



**Geraldine Clarke**
*Cathaoirleach*

**Maeve Hogan**
*Príomhfheidhmeannach*

# 2019 Athbhreithniú ar an mBliain

AN CHÉAD URGHAIRE ARD-CHÚIRTE I gCOINNE OIBREOIR NEAMHCHEADÚNAITHE

COMHDHÁIL TIONSCNAIMH AN ÚDARÁIS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

PRÓISEÁLADH **5,416** ATHNUACHAN CEADÚNAIS

BAILCHRÍOCH A CHUR AR SHRAITH IOMLÁN NA nIARRATAS AR LÍNE AR CHEADÚNÚ

TUARASCÁIL TAIGHDE A FHOILSIÚ: *"THE IMPACT OF REGULATION ON THE PROPERTY SERVICES SECTOR IN IRELAND"*

3 IMEACHT IONCHÚISIMH RATHÚLA I gCOINNE OIBREOIRÍ NEAMHCHEADÚNAITHE

FOILSÍODH **37,000** TUAIRISCEÁN LÉASA TRÁCHTÁLA

AN CHÉAD TOIRMEASC AR CHEADÚNAÍ MAIDIR LE TRÁDÁIL A DHÉANAMH

CUIREADH **157** IMSCRÚDÚ INIÚCHTA COMHLÍONTACHTA I gCRÍCH

RÁTA 97.2% BAINTE AMACH MAIDIR LE COMHLÍONTACHT I LEITH FORBAIRT GHAIRMIÚIL LEANÚNACH

TUGADH TUAIRIM IS **1.94 MILLIÚN** CUAIRT AR AN gCLÁR PRAGHSANNA MAOINE

# Faisnéis Fúinn




*Ceannoifig ÚRSM, an Uaimh, Co. na Mí.*

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine (an tÚdarás) ar an 3 Aibreán 2012 de bhun an Achta um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011 (an tAcht) agus is é an comhlacht reachtúil é ar a bhfuil freagracht i ndáil leis an earnáil seirbhísí maoine in Éirinn a cheadúnú agus a rialáil.

Leis an Acht lenar bunaíodh an tÚdarás, déantar foráil maidir le roinnt catagóirí soláthraithe seirbhísí maoine a cheadúnú, is é sin le rá:

- **Ceantálaithe**
  Daoine atá ag gabháil do mhaoin, seachas talamh, a cheantáil (Ceadúnas Chineál A)
- **Gníomhairí Eastáit**
  Daoine atá ag gabháil do thalamh a cheannach nó a dhíol ar cibé slí ar bith (Ceadúnas Chineál B)
- **Gníomhairí Ligin**
  Daoine atá ag gabháil do thalamh a ligean (Ceadúnas Chineál C)
- **Gníomhairí Bainistíochta**
  Daoine atá ag gabháil do sheirbhísí bainistíochta a sholáthar thar ceann Comhlachtaí Bainistíochta (Ceadúnas Chineál D).

Is í Maeve Hogan Príomhfheidhmeannach an Údaráis. Tá ceannoifig an Údaráis suite san Uaimh, Co. na Mí, agus tá dara hoifig ann i gCearnóg an Easpaig, Baile Átha Cliath 2. I dteannta Phríomhfheidhmeannach an Údaráis, bhí 30 ball foirne ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine (ÚRSM) ag deireadh na bliana 2019.

# Na Nithe a Dhéanaimid

Cuireann an tÚdarás cuspóirí an Achta chun feidhme agus oibríonn sé chun a chinntiú go mbaineann na daoine atá ceadúnaithe chun seirbhísí maoine a sholáthar na caighdeáin is airde amach i dtaca le soláthar seirbhísí de agus go dtugtar cosaint iomlán do thomhaltóirí.

Áirítear an méid seo a leanas i measc phríomhfheidhmeanna an Údaráis:

- **Maoirseacht agus rialáil a dhéanamh ar Sholáthraithe Seirbhísí Maoine (i.e. Ceantálaithe, Gníomhairí Eastáit, Gníomhairí Ligin agus Gníomhairí Bainistíochta);**
- **Córas cuimsitheach ceadúnúcháin a oibriú, lena gcumhdaítear gach Soláthraí Seirbhísí Maoine;**
- **Caighdeáin le haghaidh ceadúnais a dheonú do Sholáthraithe Seirbhísí Maoine (e.g. caighdeáin oideachais/oiliúna; leibhéil árachais slánaíochta gairmiúla); agus caighdeáin atá le comhlíonadh le linn seirbhísí maoine a bheith á soláthar ag Soláthraithe Seirbhísí Maoine (e.g. caighdeáin theicniúla; caighdeáin eiticiúla chuí) a shonrú agus a fhorfheidhmiú;**
- **Córas a riaradh le haghaidh imscrúdú agus breithniú a dhéanamh ar ghearáin in aghaidh Soláthraithe Seirbhísí Maoine;**
- **Córas a riaradh le haghaidh imscrúdú a dhéanamh ar chaighdeáin a bhaineann le soláthar Seirbhísí Maoine;**
- **Cosaint mhéadaithe tomhaltóirí agus feasacht mhéadaithe an phobail ar sheirbhísí maoine i gcoitinne a chur chun cinn;**
- **Ciste Cúitimh a chothabháil agus a riaradh;**
- **Cód Cleachtais a fhorbairt do Sholáthraithe Seirbhísí Maoine;**
- **Clár Poiblí Praghsanna Díola Maoine Cónaithe, Bunachar Sonraí Léasanna Tráchtála agus Clár Poiblí Soláthraithe Ceadúnaithe Seirbhísí Maoine a bhunú agus a chothabháil;**
- **Gníomhú mar Údarás Inniúil Stáit i leith Sciúradh Airgid;**
- **Cúnamh a thabhairt don Aire maidir le beartas a fhorbairt i leith rialú na hearnála; agus**
- **Tabhairt faoi thionscadail taighde nó iad a choimisiúnú.**

# Bord an Údaráis

## Bord an Údaráis

Le linn comhaltaí a cheapadh chuig an Údarás faoin Acht, ní mór don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais aird a thabhairt ar a inmhianaithe atá sé go mbeadh eolas nó taithí ag na comhaltaí ar ghnóthaí tomhaltóirí, ar chúrsaí ghnó, ar chúrsaí airgeadas, ar bhainistíocht nó ar riarachán, nó ar aon ábhar eile a bheadh, i dtuairim an Aire, ina chabhair don Údarás le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoin Acht.

Tá an tÚdarás neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna, is í Geraldine Clarke, Aturnae, cathaoirleach an Údaráis agus is iad comhaltaí an Údaráis daoine a roghnaítear as measc earnáil na seirbhísí maoine, ionadaithe do leasanna tomhaltóirí agus oifigeach don Aire.


Cuimsíonn an Bord Cathaoirleach agus deichniúr comhaltaí agus ceapann an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais iad ar fad.

Tháinig deireadh le téarmaí oifige cúigear comhaltaí den aon chomhalta dhéag de chuid an Údaráis ar an 2 Aibreán 2019. Ba iad na comhaltaí sin Patrick Davitt, Deirdre Fox, Martin Hanratty, Josephine Henry agus Regina Terry.

Ceapadh ceathrar comhaltaí ar an 15 Aibreán 2019 agus ceapadh oifigeach an Aire ar an 4 Meitheamh 2019. Téarma oifige ceithre bliana atá ann i gcás gach duine den cheathrar comhaltaí nua. Tháinig comhaltaí an Bhoird le chéile sé huaire i rith na bliana 2019. Sa tábla thíos, tugtar mionsonraí faoi na comhaltaí amhail an 31 Nollaig 2019 agus faoin ról a bhí acu, mar aon le faisnéis faoina gceapachán agus faoin líon cruinnithe ar fhreastail gach comhalta ar leith orthu i rith na bliana.

| Comhalta Boird | Ról | Téarma an Cheapacháin | An Líon Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu |
|---|---|---|---|
| Geraldine Clarke | Cathaoirleach | 28/11/2016 - 27/11/2020 | 6 |
| Emer Byrne | Comhalta | 15/04/2019 – 14/04/2023 | 3 |
| Edward Carey | Comhalta | 28/11/2016 - 27/11/2020 | 5 |
| Ella Dunphy | Comhalta | 15/04/2019 – 14/04/2023 | 4 |
| Hilary Griffey | Comhalta | 28/11/2016 - 27/11/2020 | 4 |
| An Dr. Aideen Hayden | Comhalta | 28/11/2016 - 27/11/2020 | 6 |
| Gordon Hughes | Comhalta | 15/04/2019 – 14/04/2023 | 3 |
| Martin McDermott | Comhalta | 04/06/2019 – 03/06/2023 | 3 |
| Paul Mooney | Comhalta | 28/11/2016 - 27/11/2020 | 6 |
| Orla Moran | Comhalta | 15/04/2019 – 14/04/2023 | 4 |
| An Dr. Muiris Ó Céidigh | Comhalta | 28/11/2016 - 27/11/2020 | 6 |

# COMHALTAÍ AN BHOIRD



**Geraldine Clarke, Uasal**
*Cathaoirleach*



**Emer Byrne, Uasal**



**An tUasal Edward Carey**



**Ella Dunphy, Uasal**



**Hilary Griffey, Uasal**



**An Dr. Aideen Hayden**



**An tUasal Gordon Hughes**



**An tUasal Martin McDermott**



**An tUasal Paul Mooney**



**Orla Moran, Uasal**



**An Dr. Muiris Ó Céidigh**

**Mór-Smachtbhanna a Bhreithniú**

Tháinig comhaltaí den Údarás – Paul Mooney, Ella Dunphy, Orla Moran agus an Dr. Muiris Ó Céidigh (Córam an Bhoird) – le chéile chun cás a bhain le mór-smachtbhanna a bhreithniú. Maidir leis an ábhar sin, tháinig na comhaltaí sin den Údarás le chéile faoi dhó chun breithniú a dhéanamh ar mhór-smachtbhanna a fhorchur ar cheadúnaí agus chun teacht ar bhreith ina leith.

| Na Comhaltaí den Údarás | An Líon Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu |
|---|---|
| Ella Dunphy | 2 |
| Paul Mooney | 2 |
| Orla Moran | 2 |
| An Dr. Muiris Ó Céidigh | 2 |

## Coistí an Údaráis

**An Coiste Iniúchta agus Rioscaí**

Rinneadh comhaltaí an Choiste Iniúchta agus Rioscaí a cheapadh nó a athcheapadh chuig an gCoiste i mBealtaine 2019. Cuimsíonn an Coiste Iniúchta agus Rioscaí beirt chomhaltaí den Údarás: An Dr. Muiris Ó Céidigh (Cathaoirleach) agus Hilary Griffey agus tá beirt chomhaltaí neamhspleácha ann: Therese Carolan agus Myles O'Reilly. Bhí 4 chruinniú den Choiste Iniúchta agus Rioscaí ann sa bhliain 2019.

| Comhalta Coiste | An Cineál Comhalta | An Líon Cruinnithe ar Freastalaíodh orthu |
|---|---|---|
| An Dr. Muiris Ó Céidigh | Comhalta den Údarás (Cathaoirleach) | 4 |
| Hilary Griffey | Comhalta den Údarás | 3 |
| Therese Carolan | Comhalta Neamhspleách | 3 |
| Myles O'Reilly | Comhalta Neamhspleách | 3 |

**Coiste Comhairleach an Chiste Cúitimh**

Cuimsíonn Coiste Comhairleach an Chiste Cúitimh triúr comhaltaí den Údarás: Hilary Griffey, an Dr Aideen Hayden agus an Dr Muiris Ó Céidigh. Breithníonn an Coiste Comhairleach iarratais ar dheontais ón gCiste Cúitimh agus déanann sé moltaí do Bhord an Údaráis maidir le héilimh ar dheontas a cheadú nó a pháirtcheadú nó maidir le diúltú d'éilimh ar dheontas. Bhí 2 chruinniú den Choiste ann sa bhliain 2019.

| Comhalta Coiste | An Líon Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu |
|---|---|
| Hilary Griffey | 2 |
| An Dr. Aideen Hayden | 2 |
| An Dr. Muiris Ó Céidigh | 2 |

Ar ócáid amháin, le ceadú ó Choiste Comhairleach an Chiste Cúitimh, chuaigh éileamh amháin ar chúiteamh go díreach os comhair Bhord an Údaráis Bhain an t-éileamh sin le ponc dlí faoi Alt 78 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011. Sula ndearnadh breith an Údaráis bhí cruinniú foirmiúil de Bhord an Údaráis ann agus bhí ceathrar comhaltaí den Bhord i láthair ag an gcruinniú sin, is é sin le rá, Geraldine Clarke, Hilary Griffey, Paul Mooney agus an Dr. Muiris Ó Céidigh (córam). Le linn an chruinnithe sin, chuir Feidhmeannacht an Údaráis agus ionadaithe dlí an éilitheora uiríll faoi bhráid an Údaráis maidir leis an éileamh ar chúiteamh. Rinneadh breith an Údaráis maidir le diúltú don éileamh sin roinnt míonna tar éis chruinniú an Bhoird.

# An Plean Straitéiseach

Baineann Plean Straitéiseach reatha an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine (ÚRSM) leis an tréimhse ó Mheán Fómhair 2017 go Lúnasa 2020 agus leagtar amach ann na príomh-shaincheisteanna nach mór don Údarás aghaidh a thabhairt orthu i rith na tréimhse sin. Leanann an plean sin de chur leis an obair agus leis an dul chun cinn atá déanta go dtí seo agus soláthraíonn sé treochlár le haghaidh treo straitéiseach an Údaráis. Tá an Plean Straitéiseach dírithe ar na nithe seo a leanas:

- feabhas a chur ar struchtúir, ar chórais, ar nósanna imeachta, ar phrótacail, ar rialacha agus ar rialacháin na heagraíochta atá curtha ar bun ón tráth ar chuir an tÚdarás tús lena chuid oibre agus ar nithe iad atá ríthábhachtach maidir le feidhmiú fadtéarmach an Údaráis, agus
- a chinntiú go leanfar de chreat rialála láidir a chur i bhfeidhm san earnáil.

Sa Phlean Straitéiseach, leagtar amach ról, cuspóirí agus treo an ÚRSM agus taifeadtar an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo ar dul chun cinn é as a leanfaidh aonfhoirmeacht agus trédhearcacht níos mó i ndáil le ceadúnú agus rialáil soláthraithe seirbhísí maoine agus i ndáil le faisnéis a thabhairt do thomhaltóirí. Leagtar amach ann freisin na nithe a bhfuil an tÚdarás ag súil leis go mbainfidh sé amach iad agus an dóigh a mbeartaíonn sé, mar eagraíocht, a chuid spriocanna a bhaint amach.

Ghlac an tÚdarás na príomhspriocanna seo a leanas ina Phlean Straitéiseach (2017-2020):

### SPRIOC 1
**CÓRAS CEADÚNÚCHÁIN ÉIFEACHTACH A CHOTHABHÁIL**

### SPRIOC 2
**CÓRAS IMSCRÚDÚCHÁIN AGUS BREITHNIÚCHÁIN A CHOTHABHÁIL**

### SPRIOC 3
**CAIDREAMH LEIS AN EARNÁIL AGUS FEASACHT AN PHOBAIL AR AN ÚDARÁS A CHUR CHUN CINN**

### SPRIOC 4
**CLÁIR PHOIBLÍ A CHOTHABHÁIL**

### SPRIOC 5
**EAGRAÍOCHT ATÁ ÉIFEACHTACH AGUS ÉIFEACHTÚIL A SHOLÁTHAR**

I rith na bliana 2019, chuir an tÚdarás tús leis an obair a bhaineann le dréachtú an chéad Phlean Straitéisigh eile a chlúdóidh an tréimhse ó 2020 go 2023. Le linn an Plean a dhréachtú, chuaigh an tÚdarás i gcomhairle le raon leathan geallsealbhóirí á chinntiú go gcuirtear tuairimí agus taithí na ngeallsealbhóirí sin san áireamh sna spriocanna a fhorbraítear. Ceaptar go dtiocfaidh an chéad Phlean Straitéiseach eile i bhfeidhm i Meán Fómhair 2020.



# DUL CHUN CINN MAIDIR LEIS NA SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA



# Sprioc 1

## Córas Ceadúnúcháin Éifeachtach a Chothabháil

### Ceadúnúchán

Foráiltear leis an Acht nach mór d'aon duine atá ag soláthar seirbhísí maoine in Éirinn a bheith ceadúnaithe ag an Údarás agus is mar a leanas a shainmhínítear seirbhísí den sórt sin:

- **Maoin, seachas Talamh, a Cheantáil (Ceadúnas Chineál A)**
- **Talamh a Cheannach nó a Dhíol - ar cibé slí ar bith (Ceadúnas Chineál B)**
- **Talamh a Ligean (Ceadúnas Chineál C), agus**
- **Seirbhísí Bainistíochta Maoine a Sholáthar (Ceadúnas Chineál D**

Eisíonn an tÚdarás ceithre chineál ceadúnais ar leith agus comhfhreagraíonn siad do na ceithre chineál seirbhísí maoine atá sainmhínithe san Acht. Féadfaidh aon duine iarratas a dhéanamh ar cheadúnas de chineál amháin nó níos mó. Déantar ceadúnais a athnuachan ar bhonn bliantúil.

I mí an Mhárta 2019, críochnaíodh an chéim dheiridh de thionscadal na n-iarratas ar líne a ndeachaigh an tÚdarás ina bhun i gcomhar le An Post (Licences.ie) agus le Rannán TF na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Mar thoradh ar an gcéim dheiridh a chur i gcrích tugadh isteach iarratais ar líne i leith Chatagóir an Cheadúnais Breise agus i leith Fostóir Seirbhísí Maoine. Tá na hiarratais ar gach cineál ceadúnais, mar aon leis na híocaíochtaí a bhaineann leo, á bhfáil go leictreonach ag an Údarás anois rud a fhágann go bhfuil tionscadal ar cuireadh tús leis sa bhliain 2015 agus a raibh roinnt céimeanna i gceist leis curtha i gcrích go rathúil.

Tá próiseas ceadúnúcháin an Údaráis á oibriú go héifeachtúil i gcónaí agus próiseáladh 6,020 iarratas ar cheadúnas (idir cheadúnais nua agus athnuachan ceadúnais) sa bhliain 2019. Mar chomparáid leis sin, próiseáladh 5,950 iarratas ar cheadúnas (idir cheadúnais nua agus athnuachan ceadúnais) sa bhliain 2018.

### Iarratais ar Cheadúnas Nua


Déanann an tÚdarás measúnú ar iarratais ar cheadúnas nua ó dhaoine ar mian leo a bheith ag obair san earnáil seirbhísí maoine agus déantar ceadúnas a dheonú faoi réir riachtanais íosta cáilitheachta a shásamh.

Sa bhliain 2019, cuireadh thart ar 604 iarratas ar cheadúnas nua faoi bhráid an Údaráis lena mbreithniú agus maidir leis na hiarratais sin:

- eisíodh 470 ceadúnas,
- bhí measúnú á dhéanamh fós ar 79 n-iarratas,
- rinneadh 25 cinn a tharraingt siar,
- cuireadh 15 cinn ar ais chuig an iarratasóir, agus
- diúltaíodh do 15 cinn.

Tá léiriú ar an méid sin le fáil i gCairt 1.

**Cairt 1 An Líon Iarratas ar Cheadúnas Nua a Próiseáladh sa bhliain 2019**




I gcomparáid leis na 465 cheadúnas nua a eisíodh sa bhliain 2018, léiríonn sé sin spéis leantach i ngairmréim san earnáil seirbhísí maoine.

Déanann an tÚdarás measúnú cúramach ar gach iarratas ar leith ar cheadúnas agus tugtar comhairle don iarratasóir i gcás nach sroicheann iarratas caighdeán cáilitheachta. Sula ndéanann an tÚdarás cinneadh críochnaitheach, tugtar gach deis d'iarratasóirí chun fianaise chuí ar cháilitheacht a chur ar fáil mar thacaíocht dá n-iarratas. Sin an fáth go raibh 79 n-iarratas ar cheadúnas ag céim an mheasúnaithe ag deireadh na bliana 2019.

Sa bhliain 2019, diúltaíodh do líon beag iarratas ar cheadúnas nua agus ba é a bhí sa chúis ba choitianta le diúltú ná nár chomhlíon an t-iarratasóir na ceanglais íosta maidir le cáilitheacht. Cuirtear iarratais ar ais chuig iarratasóirí i gcás ina dtíolacann sé nó sí iarratas de dhearmad

## Athnuachan Ceadúnais

Déantar iarratais ar athnuachan ceadúnais, mar aon le táillí ceadúnais agus íocaíochtaí Ciste Cúitimh, a thíolacadh ar líne don ÚRSM.


Is é an 5 Iúil an dáta éagtha a bhaineann le cuid shuntasach de na ceadúnais. Mar thoradh air sin, bíonn buaicthréimhse ann ó Bhealtaine go hIúil ar lena linn a fhaigheann an tÚdarás os cionn 3,000 iarratas ar athnuachan. Athosclaíodh saindeasc chabhrach le haghaidh athnuachan ceadúnais i rith na buaicthréimhse athnuachana sa bhliain 2019 chun cabhrú le ceadúnaithe a n-iarratas a dhéanamh. De bhreis air sin, chuir an tÚdarás saoráid ar fáil chun cúnamh praiticiúil a sholáthar maidir le hiarratais ar athnuachan a uaslódáil.

Ba é a bhí sa líon iomlán iarratas ar athnuachan iarratais a próiseáladh sa bhliain 2019 ná 5,416. I gCairt 2, tugtar miondealú ar iarratais ar athnuachan a phróiseáil an tÚdarás agus áirítear an méid seo a leanas sa mhiondealú:

- eisíodh 5,171 ceadúnas athnuaite,
- 215 athnuachan á measúnú,
- 24 athnuachan a tharraing an t-iarratasóir siar, agus
- 6 iarratas ar athnuachan ar dhiúltaigh an tÚdarás dóibh.

I measc na gcúiseanna atá ag an Údarás chun diúltú d'iarratais ar athnuachan, áirítear mainneachtain taifid dhóthanacha cuntasaíochta a sholáthar agus cásanna ar ina leith nach raibh an t-iarratasóir comhlíontach maidir le cúrsaí cánach.

### Cairt 2 An Líon Iarratas ar Athnuachan a Próiseáladh sa bhliain 2019





## An Líon Foriomlán Sealbhóirí Ceadúnais

Ag deireadh na bliana 2019, bhí 5,840 sealbhóir ceadúnais ann san iomlán. I gcomparáid leis an líon sin, bhí 5,860 sealbhóir ceadúnais ann ag deireadh na bliana 2018.

Léiríonn Cairt 3 dáileadh na gcineálacha ceadúnais sa bhliain 2019 de réir Fostaithe, Cuideachtaí, Comhpháirtíochtaí, Conraitheoirí Neamhspleácha agus Trádálaithe Aonair.

### Cairt 3 Dáileadh Ceadúnaithe de réir Catagóire sa bhliain 2019





Léiríonn anailís ar dháileadh an 1,860 ceadúnas gnó ag deireadh na bliana 2019

- go raibh 59% de na ceadúnais ghnó á sealbhú ag Cuideachtaí,
- go raibh 24% díobh á sealbhú ag Conraitheoirí Neamhspleácha,
- go raibh 15% díobh á sealbhú ag Trádálaithe Aonair, agus
- go raibh 2% díobh á sealbhú ag Comhpháirtíochtaí

Tá léiriú ar an méid sin le fáil i gCairt 4.


### Cairt 4 Dáileadh Ceadúnas Gnó de réir Catagóire sa bhliain 2019



## Ceadúnais nach ndearna Fostóirí agus Fostaithe iad a Athnuachan

I gCairt 5, leagtar amach an líon ceadúnas nár athnuadh sna blianta 2019 agus 2018. Sa bhliain 2019, níor athnuaigh 491 cheadúnaí a gceadúnas agus, i gcomparáid leis sin, níor athnuaigh 440 ceadúnaí a gceadúnas sa bhliain 2018. Is é atá sa mhiondealú a rinneadh i leith neamh-athnuachaintí sa bhliain 2019 ná 100 gnó agus 391 fhostaí. Tá difríochtaí ann idir na cúiseanna le neamh-athnuachan ach, ina measc, áirítear neamh-athnuachan de bharr scoir, dúnadh gnó, agus, i roinnt cásanna, athrú ó eintiteas amháin go heintiteas eile.

### Cairt 5 Ceadúnais Nár Athnuadh







## Catagóir na gCeadúnas Breise agus Athrú ar Iarratais ar Fhostóir Seirbhísí Maoine

Ón tráth ar tugadh isteach an tsaoráid iarratais ar líne i Márta 2019 go dtí deireadh na bliana, phróiseáil an tÚdarás 57 n-iarratas i leith Chatagóir na gCeadúnas Breise. Léiríonn Cairt 6 an staid maidir leis na 57 n-iarratas sin ag deireadh na bliana.

### Cairt 6 An Líon Iarratas Ar Líne i leith Chatagóir na gCeadúnas Breise a Próiseáladh sa bhliain 2019




Déantar iarratais ar Athrú ar Fhostóir Seirbhísí Maoine a thíolacadh nuair is mian le fostaí atá ceadúnaithe faoi ghnó áirithe a cheadúnas/ceadúnas a aistriú chuig gnó ceadúnaithe eile.

## Achomhairc maidir le hIarratais ar Cheadúnas

Rinneadh 1 achomharc maidir le hiarratas ar cheadúnas chuig an mBord Achomhairc um Sheirbhísí Maoine (BASM) sa bhliain 2019 agus bhain sé le hiarratas ó fhostaí catagóirí breise a chur leis an gceadúnas a bhí ag an bhfostaí sin cheana féin. Ag deireadh na bliana 2019, bhí an tÚdarás ag fanacht le cinneadh ón BASM maidir leis an achomharc sin.

## An Cineál Ceadúnais

Mar atá luaite cheana féin, bhí 5,840 ceadúnas gníomhach san iomlán ann ag deireadh na bliana 2019 i gcomparáid le 5,860 ceadúnas ag deireadh na bliana 2018. Léiríonn Cairt 7 dáileadh 1,860 ceadúnas gníomhach gnó ag deireadh na bliana 2019 i gcomparáid leis an gcatagóir chéanna ag deireadh na bliana 2018 a mhéid a bhaineann le gach cineál ceadúnais. Áiríonn catagóirí ceadúnais cineálacha aonair ceadúnais agus cumasc roinnt cineálacha ceadúnais nó na cineálacha uile ceadúnais.

**Cairt 7 Ceadúnais de Chineál Gnó sa bhliain 2019**

| Na Cineálacha Ceadúnais a Eisíodh | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| [A] | 79 | 83 |
| [A],[B],[C] | 947 | 970 |
| [A],[B],[C],[D] | 311 | 295 |
| [B],[C] | 187 | 182 |
| [B],[C],[D] | 67 | 63 |
| [C] | 84 | 82 |
| [C],[D] | 63 | 60 |
| [D] | 82 | 91 |
| Cumaisc Eile | 40 | 45 |

Tugann Cairt 8 miondealú ar na cineálacha ceadúnais a bhí á sealbhú ag 3980 fostaí ag deireadh na bliana 2019

**Cairt 8 Ceadúnais de Chineál Fostaí sa bhliain 2019**


| Na Ceadúnais de Chineál Fostaí a Eisíodh | 2019 |
|---|---|
| [A] | 155 |
| [A],[B],[C] | 1339 |
| [A],[B],[C],[D] | 757 |
| [B] | 141 |
| [B],[C] | 638 |
| [B],[C],[D] | 302 |
| [C] | 155 |
| [C],[D] | 169 |
| [D] | 276 |
| Cumaisc Eile | 48 |

## Údarás Inniúil maidir le Sciúradh Airgid

Is é an tÚdarás Comhlacht Inniúil an Stáit le haghaidh Soláthraithe Seirbhísí Maoine chun críocha Chuid 4 den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010. I gcomhréir leis an bhfeidhm sin, déanann an tÚdarás iniúchtaí ar ghnóthaí ceadúnaithe, is é sin, iniúchtaí maidir leis an gComhrac in aghaidh Sciúradh Airgid (AML).

Sa bhliain 2019, cuireadh 131 iniúchadh AML i gcrích i ndáil le gnóthaí ceadúnaithe agus tá léiriú air sin le fáil i gCairt 9. Léiríonn anailís ar iniúchtaí AML a cuireadh i gcrích gur chomhlíon 61 ghnó ceadúnaithe ceanglais AML. I gcás inar cinneadh nach raibh na ceanglais á gcomhlíonadh ag gnóthaí, chuaigh baill foirne de chuid an Údaráis i dteagmháil le gnóthaí ceadúnaithe chun na ceanglais riachtanacha faoin reachtaíocht a bhaineann leis an gcomhrac in aghaidh sciúradh airgid a chur in iúl. Tar éis na teagmhála sin, thíolaic gach ceann den 70 gnó ceadúnaithe an fhianaise riachtanach ar chomhlíonadh agus, ina dhiaidh sin, cinneadh go raibh siad comhlíontach.

**Cairt 9 Iniúchtaí ar an gComhrac in aghaidh Sciúradh Airgid sa bhliain 2019**



# Sprioc 2

## Córas Imscrúdúcháin agus Breithniúcháin a Chothabháil

Gné lárnach de chumhachtaí rialála an Údaráis is ea imscrúdú a dhéanamh ar Sholáthraithe Seirbhísí Maoine (SSM-anna). Tá trí chineál imscrúdaithe ann ar féidir leis an Údarás iad a dhéanamh, is é sin le rá:

- imscrúdú agus breithniú a dhéanamh ar ghearáin a dhéantar in aghaidh Soláthraithe Seirbhísí Maoine ceadúnaithe;
- imscrúdú a dhéanamh ar sholáthar neamhdhleathach seirbhísí maoine ag Soláthraithe Seirbhísí Maoine neamhcheadúnaithe;
- imscrúdú a dhéanamh ar na caighdeáin i dtaca le seirbhísí maoine a sholáthar agus ar chomhlíontacht i dtaca le Soláthraithe Seirbhísí Maoine ceadúnaithe.

Tá an creat dlíthiúil agus na nósanna imeachta le haghaidh na gcineálacha imscrúdaithe sin leagtha amach i gCuid 7 den Acht. Go hachomair, seo a leanas atá i gceist leis sin:

- na himthosca agus an modh ina bhféadfaidh an tÚdarás tús a chur le himscrúdú ar cheadúnaí;
- na cumhachtaí atá ag Cigirí atá ceaptha ag an Údarás chun dul isteach agus iniúchadh a dhéanamh d'fhonn imscrúduithe a sheoladh, agus dualgais na gCigirí sin;
- dualgais an Údaráis tar éis imscrúdú a chur i gcrích; agus
- na nithe nach mór don Údarás breithniú a dhéanamh orthu le linn dó breith a dhéanamh mar thoradh ar thuarascáil ó Chigire agus smachtbhannaí a fhorchur.

### Imscrúdú agus Breithniú maidir le Gearáin

Is féidir le daoine den phobal gearáin in aghaidh Soláthraithe Seirbhísí Maoine ceadúnaithe a dhéanamh i scríbhinn chuig an Údarás lena n-imscrúdú. I rith na bliana 2019, fuair an tÚdarás 202 ghearán. Léiríonn an figiúr sin laghdú 26% i gcomparáid leis an 274 ghearán a fuarthas sa bhliain 2018.

**An Stádas maidir le Gearáin ag Deireadh na Bliana**

Amhail an 1 Eanáir 2019, bhí 148 ngearán ar láimh agus, maidir le 75 cinn díobh sin, measadh gur ghearáin stairiúla ab ea iad ós rud é gur bhain siad le tréimhse níos faide ná dhá bhliain roimh an mbliain reatha tuairiscithe.

I rith na bliana 2019, dhírigh an tAonad Gearáin go háirithe ar ghearáin stairiúla agus, dá bharr sin, déileáladh go críochnaitheach le 73 cinn de na gearáin stairiúla sin faoi dheireadh na bliana. De bhreis ar na gearáin stairiúla ar déileáladh go críochnaitheach leo, déileáladh go críochnaitheach le 249 ngearán eile faoi dheireadh na bliana.

Maidir leis na gearáin a fuarthas sa bhliain 2019, déileáladh go críochnaitheach le 133 cinn díobh (66%) gan aon ghá le Cigire a cheapadh chun imscrúdú a sheoladh. Sna cásanna sin ar fad, mhínigh an tÚdarás na cúiseanna a bhí ann gan imscrúdú a dhéanamh. Ba é a bhí sa chúis is coitianta a bhí ann gan gearán a imscrúdú ná nach raibh ábhair an ghearáin i gcomhréir leis an sainmhíniú ar "iompar míchuí" san Acht.

Faoi dheireadh na bliana, bhí 28 gcomhad gearáin ar oscailt ar láimh. Maidir leis na gearáin sin, bhí 26 cinn díobh ag céim na cigireachta agus bhí measúnú tosaigh á dhéanamh ar 2 cheann díobh lena chinneadh an mbeadh imscrúdú le déanamh ina leith.

Baineann na 26 chás atá ag céim na cigireachta le gearáin ar ceapadh Cigire ina leith agus a raibh imscrúdú á dhéanamh maidir leo. San iomlán, fuarthas 23 cinn de na gearáin sin sa bhliain 2019.

I gCairt 10, tugtar léargas ar na gearáin go léir ar dhéileáil an tÚdarás leo sa bhliain 2019, mar aon le stádas na ngearán sin ag deireadh na bliana.


**Cairt 10 – An Stádas maidir le Gearáin ag Deireadh na Bliana**

| An Stádas maidir le Gearáin ag Deireadh na Bliana | | Iomlán |
|---|---|---|
| Gearáin ar láimh ar an 1/1/19 | | 148 |
| An líon iomlán gearán a fuarthas sa bhliain 2019 | | 202 |
| An líon iomlán gearán ar déileáladh go críochnaitheach leo faoi dheireadh na bliana | | 322 |
| • An líon gearán ar déileáladh go críochnaitheach leo gan aon ghá le himscrúdú | 207 | |
| • An líon gearán ar déileáladh go críochnaitheach tar éis imscrúdú a dhéanamh | 59 | |
| • An líon gearán a tarraingíodh siar | 39 | |
| • An líon gearán a raibh achomharc á dhéanamh ina leith ag deireadh na bliana | 17 | |
| An líon iomlán gearán ar oscailt ag deireadh na bliana | | 28 |

**Stádas na nGearán ar Déileáladh go Críochnaitheach Leo**

I gCairt 11, tugtar léiriú ar na gearáin go léir ar déileáladh go críochnaitheach leo sa bhliain 2019, is é sin le rá, 322 ghearán ar fad agus miondealú déanta ina leith de réir a stádais tar éis déileáil go críochnaitheach leo. Léiríonn an chairt sin an dul chun cinn suntasach a baineadh amach i rith na bliana maidir le haghaidh a thabhairt ar na comhaid ghearáin stairiúla agus, chomh maith leis sin, ar ghearáin a fuarthas i rith na bliana.

**Cairt 11 Stádas na nGearán ar Déileáladh go Críochnaitheach Leo sa bhliain 2019 (gach bliain)**




**Cineál na nGearán**

Baineann cineál na ngearán le raon leathan saincheisteanna. I gCairt 12, tugtar miondealú ar chatagóirí na ngearán a fuarthas sa bhliain 2019.

Sa Chairt sin, taispeántar na catagóirí is coitianta lena mbaineann gearáin agus an méid sin bunaithe ar chineál an ghearáin. Le linn féachaint ar na figiúirí atá ann sa Chairt, tá sé tábhachtach a chuimhneamh go bhféadfadh roinnt saincheisteanna a bheith i gceist le gearán agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh baint a bheith ag gearán ar leith le níos mó ná catagóir amháin. Dá réir sin, d'fhéadfadh líon níos mó saincheisteanna gearáin a bheith i gceist le haon ghearán ar leith a fhaightear. Is léir sin i gCairt 12 a bhaineann le 202 ghearán a fuarthas sa bhliain 2019 ach is é atá sa líon iomlán saincheisteanna atá i gceist leis na gearáin sin ná 230. Tá an Chairt ina táscaire maith ar chineál leathan na ngearán nach mór don Údarás aghaidh a thabhairt orthu agus a imscrúdú.

Maidir le roinnt catagóirí, mar shampla, soláthar seirbhísí nó iompar eiticiúil, is féidir na cineálacha iompair nó na heasnaimh a ndéantar gearán fúthu a léiriú ar bhealaí éagsúla. D'fhéadfadh sé tarlú go mothóidh an gearánach míshásta i ndáiríre le toradh a ndéileálacha leis an soláthraí seirbhísí maoine, nó gurb ábhar éagóra don ghearánach an toradh sin, ach d'fhéadfadh sé nach dtagann an t-ábhar lena mbaineann faoi réim an tsainmhínithe ar "iompar míchuí" in alt 2 den Acht. Tá an difríocht sin idir an bhraistint go raibh éagóir ann

**Cairt 12 Cineál na nGearán a Fuarthas sa bhliain 2019**

| Cineál an Ghearáin | An Líon Gearán, agus iad Miondealaithe de réir Foras |
|---|---|
| Soláthar Seirbhísí (I gcás ina raibh an gearánach míshásta leis an tseirbhís a soláthraíodh) | 99 |
| Coinneáil Airgid ag Soláthraí Seirbhísí Maoine | 49 |
| Iompar Eiticiúil (I gcás ina measann an gearánach go raibh iompar an tSoláthraí Seirbhísí Maoine mí-eiticiúil) | 19 |
| Táillí nó Eisíocaíochtaí (I gcás ina ndéanann an gearánach agóid maidir le méid na dtáillí a gearradh nó maidir leis na costais/na heisíocaíochtaí a tabhaíodh) | 8 |
| Mífhaisnéis a bheith tugtha don Chustaiméir | 7 |
| Litir Fruilithe (I gcás nach raibh Litir Fruilithe ann nó go raibh sí easnamhach ar bhealach éigin) | 6 |
| Eile | 42 |
| Iomlán: | 230 |

agus an sainmhíniú ar iompar míchuí ar cheann de na príomhchúiseanna le líon measartha ard na ngearán a ndiúltaíonn an tÚdarás iad a imscrúdú, mar atá léirithe thuas i gCairt 11. Is gá a chuimhneamh freisin nach bhfuil sna gearáin ach líomhaintí ó ghearánaigh agus nach bhféadfar a rá go raibh aon iompar míchuí ann go dtí gcuirtear imscrúdú i gcrích agus go gcinntear go raibh iompar míchuí ann.

**Smachtbhannaí a Forchuireadh mar thoradh ar Ghearáin**

Sa bhliain 2019, déileáladh go críochnaitheach le 59 ngearán tar éis imscrúdú a dhéanamh agus cinneadh nach raibh aon iompar míchuí ann i dtaca le 29 gcás díobh sin (49%). Maidir le 24 chás (41%), cinneadh go raibh iompar míchuí ann agus forchuireadh mion-smachtbhanna forchuireadh mór-smachtbhanna i gcás amháin. Bhain an mór-smachtbhanna le 6 chás i gcoinne aon soláthraí seirbhísí maoine amháin.

Seo a leanas forléargas ar na smachtbhannaí a forchuireadh agus atá ar taispeáint i gCairt 13:


*Mór-Smachtbhanna*

- D'ordaigh an tÚdarás mór-smachtbhanna arbh é a bhí i gceist leis ná an ceadúnas a chúlghairm go buan, íocaíocht €50,000 a thabhairt don Údarás agus €48,492.82 a íoc isteach sa Chiste Cúitimh agus dhaingnigh an Ard-Chúirt an smachtbhanna sin. Bhain an smachtbhanna le sáruithe carnacha i ndáil le hairgead cliaint a choinneáil.

*Mion-Smachtbhanna*

- Forchuireadh mion-smachtbhanna i leith 19 gcás, ar smachtbhanna iad i ndáil le hAlt 43 den Acht mar gheall ar mhainneachtain litir fruilithe a sholáthar; i ndáil le hAlt 44 mar gheall ar mhainneachtain taifid a choimeád; agus i ndáil le sáruithe ar Alt 16(1)(a) agus Alt 16(5) den Ionstraim Reachtúil dar teideal na Rialacháin fán Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011 (Airgead Cliant), 2012, ar ailt iad sin a bhaineann le cuntas a thabhairt i ndáil le hairgead a thaisctear i gcuntas iomchuí.
- In 2 chás, forchuireadh mion-smachtbhanna i bhfoirm Rabhaidh i ndáil le mainneachtain, faoi Alt 44, taifid a choimeád agus, faoi Alt 28(1)(b), i ndáil lena chur in iúl go raibh siad ar fáil chun seirbhís maoine a sholáthar gan an ceadúnas cuí a bheith i bhfeidhm i leith na seirbhíse maoine sin.
- In aon chás amháin, forchuireadh mion-smachtbhanna i ndáil le sáruithe ar Alt 37(5)(a) ar an Acht a bhaineann le mainneachtain uimhir an cheadúnais a chur ar taispeáint i bhfógrán.
- In 2 chás, forchuireadh cumasc mion-smachtbhannaí a bhain le sáruithe ar Alt 43, is é sin le rá, gan litir fruilithe a sholáthar i ngach comhfhreagras gnó a bhain leis an tseirbhís maoine; mainneachtain, faoi Alt 44, taifid a choimeád agus, sárú ar Alt 37(5)(b) ar an Acht a bhaineann le mainneachtain an uimhir ceadúnais a chur ar taispeáint i ngach comhfhreagras gnó a bhain leis an tseirbhís maoine.

**Cairt 13 Smachtbhannaí a Forchuireadh sa bhliain 2019 mar thoradh ar Ghearáin**




**Achomhairc maidir le Gearáin faoi IarratasIs**

I rith na bliana 2019, fuair an Bord Achomhairc um Sheirbhísí Maoine (BASM) 38 n-achomharc ó ghearánaigh agus 1 achomharc ó cheadúnaí.

Bhí 11 achomharc ann a tugadh ar aghaidh ón mbliain 2018, rud a d'fhág go raibh 50 achomharc ag BASM i rith na bliana 2019. Faoi dheireadh na bliana bhí achomharc amháin tarraingthe siar ag an achomharcóir agus bhí 32 cheann breithnithe ag an mBord Achomhairc.

In 31 chás dhícheadaigh BASM an t-achomharc a cuireadh faoina bhráid (94% den líon iomlán i gcás inar thángthas ar chinneadh) agus, ar an dóigh sin, daingníodh cinneadh an Údaráis i ngach cás díobh sin. Chealaigh BASM ceann amháin de chinntí an Údaráis, is é sin, cinneadh i ndáil le gearán agus cuireadh an cás sin ar ais chuig an Údarás lena imscrúdú. Tá tús curtha ag an Údarás le himscrúdú maidir leis an ngearán sin. I gCairt 14, tá achoimre le fáil ar thorthaí na n-achomharc éagsúil a bhreithnigh an BASM agus ar dhéileáil sé leo.

**Cairt 14 Achoimre ar Chinntí BASM i rith na bliana 2019**

| Toradh | An Líon Achomharc | An Céatadán den Líon Iomlán |
|---|---|---|
| Dícheadaíodh an tAchomharc – Seasadh le Cinneadh an Údaráis | 31 | 94% |
| Ceadaíodh an tAchomharc – Cuireadh Cinneadh an Údaráis ar ceal | 1 | 3% |
| Tharraing an tAchomharcóir an tAchomharc Siar | 1 | 3% |

Ag deireadh na bliana, bhí cinneadh an BASM maidir le 17 ngearán ar feitheamh fós

**Imscrúdú ar Sholáthar Neamhdhleathach Seirbhísí Maoine**

Déileálann an tÚdarás go han-dáiríre le tuairiscí faoi thrádáil neamhdhleathach. I gcás ina soláthraíonn cuideachtaí nó daoine aonair seirbhísí maoine gan ceadúnas a bheith acu, tá na cosaintí tábhachtacha tomhaltóra a chuirtear ar fáil leis an Acht á gceilt ar a gcuid cliant acu agus is ionann sin agus iomaíocht éagórach i leith na ndaoine sin a sholáthraíonn seirbhísí de réir an dlí. Déanann an tÚdarás imscrúduithe maidir le cuideachtaí nó daoine aonair a bhfuil drochamhras ann ina leith go bhfuil trádáil neamhcheadúnaithe ar siúl acu d'fhonn ionchúiseamh a dhéanamh nó d'fhonn urghaire Chúirte a lorg á ordú don pháirtí ciontach scor den trádáil.

Sa bhliain 2019, d'éirigh le hionchúisimh a thionscain an tÚdarás in aghaidh triúr Soláthraithe Seirbhísí Maoine neamhcheadúnaithe de réir mar atá leagtha amach go hachomair i gCairt 15.

*Cás Uimh. 1:*

Bhain an cás seo le soláthraí seirbhíse maoine a phléadáil ciontach i leith seirbhísí maoine a sholáthar gan cheadúnas. Mar thoradh ar an imscrúdú céanna faoi Alt 89 den Acht, rinne an tÚdarás iarratas chuig an Ard-Chúirt chun urghaire a lorg á ordú don soláthraí scor de sheirbhísí maoine a sholáthar gan cheadúnas. Thug an soláthraí seirbhíse gealltanas i gcúirt oscailte go scoirfí de sheirbhísí maoine a sholáthar agus go ndéanfaí bearta sonraithe an gnó a bhí i gceist a dhúnadh. Ar an mbonn sin, agus ar an mbonn go bhféadfadh an tÚdarás iarratas a dhéanamh ar an urghaire arís dá mbeadh gá leis sin, bhí an tÚdarás sásta nach raibh gá le leanúint ar aghaidh leis an iarratas ar urghaire.

*Cás Uimh. 2:*

Mar an gcéanna, bhain an cás seo le soláthraí seirbhíse maoine a phléadáil ciontach i leith seirbhísí maoine a sholáthar gan cheadúnas. Ciontaíodh an cosantóir roimhe sin, sa bhliain 2018, mar gheall ar sháruithe ar Alt 28 den Acht ach leanadh ar aghaidh de bheith ag oibriú go neamhdhleathach, rud a bhí ina chúis le dara hionchúiseamh agus le ciontú sa bhliain 2019. Léirigh an páirtí ciontach ina dhiaidh sin gur beartaíodh achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Chuarda in aghaidh an chiontaithe agus na gcostas. Rinneadh an t-achomharc in aghaidh an chiontaithe agus na pianbhreithe a tharraingt siar ina dhiaidh sin agus, ar an 16 Deireadh Fómhair 2019, dhaingnigh Cúirt Chuarda na Gaillimhe an ciontú agus an phianbhreith a d'fhorchuir an Chúirt Dúiche.

*Cás Uimh. 3:*

Bhain an cás seo le pléadáil ciontach ag soláthraí seirbhíse neamhcheadúnaithe i leith fógraíocht a dhéanamh á rá go rabhthas ar fáil chun seirbhísí maoine a sholáthar agus a chur in iúl go rabhthas ar fáil chuige sin.

**Cairt 15 Ionchúisimh a rinne an tÚdarás**

| Uimhir an Cháis. | Eintiteas | Dáta | An Chúirt | An Fhíneáil | Na Costais |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | An Chuideachta | Trádáil Neamhcheadúnaithe | Cúirt Dúiche Chaisleán an Bharraigh | €500 | €2,500 |
| 2 | An Chuideachta | Trádáil Neamhcheadúnaithe | Cúirt Dúiche an Ghoirt | Pianbhreith Phríosúnachta Ar Fionraí | €5,000 |
| 3 | Trádálaí Aonair | Fógraíocht maidir lena bheith ar fáil agus a chur in iúl go bhfuiltear ar fáil | Cúirt Dúiche Chill Airne | €650 | €1,900 |

**An Chéad Urghaire ón Ard-Chúirt**

De bhreis ar imeachtaí ionchúisimh, deonaíodh a chéad urghaire Ard-Chúirte don Údarás chun cosc a chur ar an soláthraí seirbhísí maoine neamhcheadúnaithe trádáil a dhéanamh. Ar an 9 Nollaig 2019, dheonaigh Uachtarán na hArd-Chúirte, an Breitheamh Uas Peter Kelly, urghaire don Údarás á chosc ar an gcuideachta seirbhísí maoine a sholáthar gan cheadúnas. Chomh maith leis sin, coisceann an urghaire ar an duine aonair agus ar an gcuideachta a chur in iúl go bhfuiltear ar fáil chun seirbhísí maoine a sholáthar nó seirbhísí maoine a fhógairt ar aon slí. Lorgaíodh an urghaire tar éis imscrúdú a dhéanamh faoi Alt 89 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011, maidir le seirbhísí maoine a sholáthar gan cheadúnas. Cé go gcoisceann an t-ordú ón gcúirt ar an oibreoir neamhcheadúnaithe seirbhísí a sholáthar go suthain, thug an Chúirt dá haire go bhféadfaí an tOrdú a athrú i gcás ina ndeonódh an tÚdarás ceadúnas don soláthraí tráth éigin ina dhiaidh sin.

**Tuairiscí faoi Thrádáil Neamhcheadúnaithe**

Sa bhliain 2019, fuarthas 41 tuairisc faoi thrádáil neamhcheadúnaithe. Is mar a leanas stádas na dtuairiscí sin ag deireadh na bliana:

- déileáladh go críochnaitheach le 9 gcinn tar éis imscrúdú a dhéanamh;
- tá 4 cinn ag céim na cigireachta;
- tá 25 chás measúnaithe agus meastar ina leith nár soláthraíodh seirbhís maoine;
- tá 3 cinn ag céim an mheasúnaithe tosaigh agus tá cinneadh ar feitheamh ina leith i dtaobh an bhfuil tús le cur le himscrúdú.

De bhreis ar na tuairiscí faoi thrádáil neamhcheadúnaithe a fuarthas sa bhliain 2019, bhí roinnt tuairiscí faoi thrádáil neamhcheadúnaithe ann i gcónaí a bhain leis na blianta 2018 agus 2017 agus a raibh an tÚdarás ag déileáil leo i rith na bliana agus is mar a leanas a stádas ag deireadh na bliana:

- déileáladh go críochnaitheach le 3 cinn tar éis imscrúdú a dhéanamh (2 cheann a bhain leis an mbliain 2018 agus 1 cheann a bhain leis an mbliain 2017);
- tá 2 cheann ag céim na cigireachta (2017);
- tá 4 chás measúnaithe agus meastar ina leith nach raibh seirbhís maoine á soláthar nó nach raibh gá le ceadúnas ina leith.

Maidir leis na sé chás atá ag céim na cigireachta, bhí 3 cinn acu os comhair na gCúirteanna fós.

I gCairt 16, soláthraítear forléargas ar stádas na dtuairiscí go léir ag deireadh na bliana maidir le trádáil neamhcheadúnaithe.

**Cairt 16 Stádas na nGearán maidir le Tuairiscí faoi Thrádáil Neamhcheadúnaithe ag deireadh na bliana**

| Stádas na dTuairiscí faoi Thrádáil Neamhcheadúnaithe ag deireadh na bliana | An Líon Tuairiscí faoi Thrádáil Neamhcheadúnaithe |
|---|---|
| Déileáladh go críochnaithe leo tar éis an mheasúnaithe tosaigh ós rud é nach raibh gá le ceadúnas nó nach raibh seirbhís maoine á soláthar | 29 |
| Déileáladh go críochnaitheach leo tar éis imscrúdú a dhéanamh sa bhliain 2019 | 12 |
| Céim na Cigireachta | 6 |
| Céim an Mheasúnaithe Tosaigh | 3 |

## Cigireacht a dhéanamh ar Chaighdeáin i leith Soláthar Seirbhísí Maoine

Déanann an tÚdarás imscrúduithe iniúchta maidir le comhlíonadh i gcás gach uile ghnó ceadúnaithe agus aithníonn sé an tairbhe a bhaineann leis na himscrúduithe sin. Trí phróiseas na n-imscrúduithe iniúchta maidir le comhlíonadh, soláthraítear uirlis thábhachtach chun gnóthaí ceadúnaithe a oiliúint agus a chur ar an eolas faoi chaighdeáin a bhfuil gá leo le linn a bheith ag oibriú mar cheadúnaí. Mar thoradh ar imscrúduithe iniúchta maidir le comhlíonadh, cinntítear go gcomhlíontar forálacha reachtúla an Achta agus na rialacháin faoin Acht agus cothaítear iontaoibh i gcliaint agus iad ag baint leas as seirbhísí soláthraithe seirbhísí maoine. Is modh an-éifeachtach iad imscrúduithe iniúchta maidir le comhlíonadh freisin i dtaca le caidreamh a bheith á dhéanamh ag an Údarás le gnóthaí ceadúnaithe agus i dtaca le faisnéis a thabhairt don Údarás maidir le saincheisteanna atá ann i measc na ndaoine atá bainteach leis an ábhar seo.

De bhreis ar an bhfoireann a bhí ag an Údarás chun imscrúduithe a dhéanamh, d'athfhostaigh an tÚdarás I.P. Forensics Ltd., tar éis próiseas tairisceana, chun imscrúduithe comhlíontachta a dhéanamh thar ceann an Údaráis.

Chuir an tÚdarás 157 n-imscrúdú iniúchta i gcrích i rith na bliana agus bhí 283 imscrúdú ar siúl fós ar an 31 Nollaig 2019. I gCairt 17, leagtar amach an líon iomlán gnóthaí ceadúnaithe in aghaidh an chontae, mar aon leis an líon imscrúduithe iniúchta a rinneadh i ngach contae ar leith sa bhliain 2019.

**Cairt 17 An Líon Imscrúduithe Iniúchta maidir le Comhlíonadh a Cuireadh i gcrích sa bhliain 2019 de réir Contae**


| AN CONTAE | An Líon Soláthraithe Seirbhísí Maoine Ceadúnaithe (Gnóthaí) | An Líon Iniúchtaí a cuireadh i gcrích sa bhliain 2019 | An Líon Iniúchtaí atá ar siúl fós ar an 31 Nollaig 2019 |
|---|---|---|---|
| Ceatharlach | 18 | 2 | 0 |
| An Cabhán | 35 | 0 | 2 |
| An Clár | 39 | 4 | 0 |
| Corcaigh | 210 | 12 | 35 |
| Dún na nGall | 58 | 3 | 7 |
| Baile Átha Cliath | 557 | 70 | 83 |
| Gaillimh | 118 | 9 | 14 |
| Ciarraí | 64 | 5 | 4 |
| Cill Dara | 76 | 7 | 31 |
| Cill Chainnigh | 36 | 4 | 0 |
| Laois | 32 | 2 | 6 |
| Liatroim | 20 | 4 | 3 |
| Luimneach | 62 | 1 | 8 |
| An Longfort | 25 | 4 | 2 |
| Lú | 49 | 3 | 7 |
| Maigh Eo | 59 | 10 | 9 |
| An Mhí | 46 | 3 | 1 |
| Muineachán | 21 | 0 | 2 |
| Uíbh Fhailí | 24 | 0 | 4 |
| Ros Comáin | 33 | 0 | 5 |
| Sligeach | 40 | 6 | 4 |
| Tiobraid Árann | 60 | 4 | 11 |
| Port Láirge | 44 | 1 | 10 |
| An Iarmhí | 42 | 2 | 11 |
| Loch Garman | 46 | 1 | 18 |
| Cill Mhantáin | 46 | 0 | 6 |
| **IOMLÁN** | **1860** | **157** | **283** |

Tá tuairim is 1,800 gnó ceadúnaithe ag ÚRSM agus tá 1,334 iniúchadh gnó déanta i leith na ngnóthaí sin ón tráth ar cuireadh tús le hiniúchtaí sa bhliain 2015.

**Torthaí Iniúchtaí agus Smachtbhannaí a Forchuireadh**

Admhaíonn an tÚdarás go raibh 100 ceann, nó 63%, de na gnóthaí ceadúnaithe a iniúchadh sa bhliain 2019 ag comhlíonadh na gcodanna den Acht a bhaineann le hiniúchadh. Tharla sáruithe i 55 chás, nó i 35% de na gnóthaí ceadúnaithe, a iniúchadh agus forchuireadh mion-smachtbhannaí sna cásanna sin. I gCairt 18, tugtar mionsonraí faoi mhiondealú na mion-smachtbhannaí a forchuireadh ar 55 ghnó cheadúnaithe. I roinnt cásanna, forchuireadh níos mó ná mion-smachtbhanna amháin ar ghnó ceadúnaithe agus, mar thoradh air sin, tá an líon mion-smachtbhannaí níos mó ná an líon gnóthaí ar forchuireadh smachtbhannaí orthu.

**CAIRT 18 Mion-Smachtbhannaí a Forchuireadh sa bhliain 2019 mar thoradh ar Iniúchtaí**




De réir mar atá léirithe i gCairt 18, seo a leanas an miondealú ar na mion-smachtbhannaí a forchuireadh tar éis iniúchtaí a chur i gcrích sa bhliain 2019:

- I 5 chás, forchuireadh smachtbhannaí 'Iomardú' i ndáil le sáruithe ar Rialacháin maidir le hAirgead Cliaint i leith an méid seo a leanas:
  - Próisis agus nósanna imeachta neamhdhóthanacha airgeadais a bheith i bhfeidhm.
- I 64 chás, forchuireadh smachtbhannaí 'Rabhadh' i ndáil le sáruithe ar an Acht agus ar Rialacháin maidir le hAirgead Cliaint i leith an méid seo a leanas:
  - Litreacha Fruilithe - gan bheith comhlánaithe nó a bheith comhlánaithe go páirteach - gan bheith sínithe laistigh den amscála;
  - Sáruithe ar Rialacháin maidir le hAirgead Cliaint i ndáil leis na nithe seo a leanas:
    - Gan taifid chuntasaíocht a bheith coinnithe ag ceadúnaithe ar feadh 7 mbliana;
    - Airgead a bheith tarraingthe as cuntas cliaint ag ceadúnaí ar mhaithe le críocha seachas íocaíochtaí leis an gcliant;
    - Airgead a bheith á shealbhú ag Ceadúnaí i gCuntas Cliaint nach airgead de chuid an chliaint é;
    - Gan Ráiteas faoi Tháillí agus Eisíocaíochtaí a bheith eisithe ag ceadúnaí;
    - Gan mionsonraí faoi gach Cuntas Cliaint a shealbhaítear i bhforas airgeadais a bheith curtha ar fáil don Chuntasóir lena chumasú don Chuntasóir bailchríoch a chur ar Thuarascáil an Chuntasóra.
- In 32 chás, forchuireadh smachtbhannaí 'Rabhadh' i ndáil le sáruithe ar an Acht agus ar Rialacháin maidir le hAirgead Cliaint i leith an méid seo a leanas:
  - Gan ceadúnais a chur ar taispeáint agus a thabhairt ar aird;
  - Gan taifid agus tairiscintí a choimeád le linn seirbhísí maoine a sholáthar;
  - Maoin a fhógairt ar luach is ísle ná an margadhluach molta;
  - Mainneachtain inniúlacht ghairmiúil a choimeád ar bun; agus
  - Sáruithe ar Rialacháin maidir le hAirgead Cliaint i ndáil leis na nithe seo a leanas:
    - Gan cead a bheith ag an gceadúnaí ón Údarás cuntas cliaint a dhealbhú i níos mó ná Foras Airgeadais amháin;
    - Gan airgead a raibh teideal tairbhiúil ag an gceadúnaí chucu a bheith aistarraingthe aige laistigh den amscála cuí.
    - Airgead a bheith á shealbhú ag ceadúnaí i gCuntas Cliaint nach airgead de chuid an chliaint é;
    - Gan Ráiteas Comhardaithe a bheith réitithe

ag ceadúnaí laistigh de dhá mhí ón dáta lena mbaineann sé;
    - Gan na taifid chuntasaíochta íosta a bheith ag ceadúnaí.


- I 14 chás, forchuireadh smachtbhannaí 'Comhairle' i ndáil le sáruithe ar an Acht agus ar Rialacháin maidir le hAirgead Cliaint i leith an méid seo a leanas:
    - Gan ceadúnais a chur ar taispeáint agus a thabhairt ar aird;
    - Comhaid chliaint neamhiomlána;
    - Muirir bhainc a bheith asbhainte as cuntas cliaint;
    - Gan clár cuntas bainc a bheith ag an gceadúnaí.

Níor forchuireadh aon mhór-smachtbhannaí i ndáil le himscrúduithe a rinneadh sa bhliain 2019 maidir le chomhlíontacht i ndáil le hiniúchadh.

**Sáruithe Coitianta**

Léirigh torthaí na n-imscrúduithe iniúchta a rinneadh sa bhliain 2019 maidir le comhlíonadh roinnt sáruithe coitianta san earnáil rud a leagtar amach i gCairt 19. I gcásanna áirithe, bhí níos mó ná sárú amháin i gceist i leith gnóthaí a iniúchadh.

### Cairt 19 Imscrúduithe Iniúchta a rinneadh sa bhliain 2019 maidir le Comhlíonadh - Sáruithe Coitianta a Sainaithníodh




**Achomhairc in aghaidh Smachtbhannaí a Forchuireadh**

I rith na bliana 2019, fuair BASM 1 achomharc in aghaidh smachtbhannaí a forchuireadh agus bhí an t-achomharc sin ar siúl fós ag deireadh na bliana.

## An Ciste Cúitimh

Riarann an tÚdarás an Ciste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine a bunaíodh faoin Acht. Déantar an Ciste a mhaoiniú trí ranníocaíochtaí bliantúla ón earnáil agus is é €200 in aghaidh na bliana an leibhéal ranníocaíochta atá le híoc isteach sa Chiste ag Fostóir Seirbhísí Maoine isteach sa Chiste agus is é €50 in aghaidh na bliana an leibhéal ranníocaíochta atá le híoc ag Fostaí.

I gcás inar deimhin leis an Údarás go bhfuil caillteanas fulaingthe ag cliant de chuid Soláthraí Seirbhísí Maoine de dheasca mímhacántachta ar thaobh an tSoláthraí Seirbhísí Maoine, féadfaidh sé deontas a thabhairt don chliant as an gCiste, ach sin faoi réir coinníollacha áirithe atá sonraithe san Acht. Amhail an 31 Nollaig 2019, ba é a bhí sa mhéid a bhí chun creidmheasa don Chiste ná suim tuairim is €3.9 milliún. Sa bhliain 2019, fuarthas thart ar 80 n-éileamh ar an gCiste. I gCairt 20, leagtar amach mionsonraí faoi na héilimh a próiseáladh sa bhliain 2019 agus, maidir leis na héilimh sin, bhí 11 cheann díobh ann san iomlán a bhain le cúig iarcheadúnas agus a deonaíodh go hiomlán nó go páirteach. Diúltaíodh do cheithre éileamh agus, ag deireadh na bliana, bhí 79 n-éileamh ar an gCiste ar feitheamh.

### Cairt 20 Achoimre ar Éilimh ar an gCiste Cúitimh i rith na bliana 2019

| Éilimh ar an gCiste Cúitimh | | An Líon Éileamh |
|---|---|---|
| Éilimh ar Chúiteamh Ar Láimh ar an 1 Eanáir 2019 | | 14 |
| An Líon Éileamh a Fuarthas sa bhliain 2019 | | 80 |
| Deontais a tugadh sa bhliain 2019 | €23,372.74 | 15 |
| An Líon Éileamh ar Géilleadh go hiomlán dóibh | 3 | |
| An Líon Éileamh ar Géilleadh go páirteach dóibh | 8 | |
| An Líon Éileamh ar Diúltaíodh dóibh | 4 | |
| An Líon Éileamh Ar Láimh | | 79 |

Tugadh suim iomlán €20,635.74 mar dheontais as an gCiste sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019 agus bhí gealltanais gan chomhlíonadh ann fós ag deireadh na

bliana maidir le híocaíochtaí, ina raibh suim iomlán €2,737, a dhéanamh. Cheadaigh an Bord íoc an €2,737 sin le linn a chruinnithe i mí na Nollag 2019.

**Achomhairc in aghaidh Cinntí maidir leis an gCiste Cúitimh**

Is féidir achomharc a dhéanamh chuig an BASM in aghaidh cinntí de chuid an Údaráis maidir le héilimh ar an gCiste Cúitimh. Mar thoradh ar chinntiú de chuid an Údaráis chun diúltú deontais a thabhairt d'iarratasóirí as an gCiste Cúitimh, cuireadh trí chás achomhairc faoi bhráid an BASM. Chlúdaigh na trí chás sin an méid seo a leanas:

Bhain Cás a hAon le cinneadh de chuid an BASM trínar cealaíodh cinneadh de chuid an Údaráis trínar diúltaíodh deontas a thabhairt as an gCiste. D'ordaigh an BASM deontas a thabhairt as an gCiste don éilitheoir/achomharcóir. Tar éis don Údarás cinneadh an BASM a bhreithniú, cinneadh achomharc a dhéanamh ar phonc dlí chuig an Ard-Chúirt in aghaidh an chinnidh sin. Ba é a bhí i gceist leis an bponc dlí ná nach bhfuil aon dlínse nó rogha ag an Údarás faoi alt 78(3) deontas a thabhairt as an gCiste i leith caillteanas a tabhaíodh mar thoradh ar mhímhacántacht duine nó eintiteas a bhí ina iarcheadúnaí an tráth ar tharla an mhímhacántacht. Seoladh an cás os comhair na hArd-Chúirte ar an 22 Samhain 2019 agus bhí an cinneadh ar feitheamh ag deireadh na bliana.

Ní sholáthraíonn an tAcht ach aon sásra amháin ar dá réir is féidir leis an Údarás féachaint le cinneadh de chuid an BASM a chealú, is é sin le rá, achomharc a dhéanamh ar phonc dlí chuig an Ard-Chúirt.

Chomh maith leis sin, bhain Cás a Dó le cinneadh de chuid an BASM lenar cealaíodh cinneadh de chuid an Údaráis chun diúltú deontas a thabhairt as an gCiste agus lenar ordaíodh deontas a thabhairt don éilitheoir/achomharcóir. Maidir leis na saincheisteanna a bhí i gceist leis an gcás seo, agus maidir leis an gcuideachta a bhí i gceist ann, ba iad na saincheisteanna céanna agus an chuideachta chéanna iad bhí i gceist i gCás a hAon. Bhí ullmhúcháin á ndéanamh ag an Údarás ag deireadh na bliana chun achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt in aghaidh an chinnidh sin ar na forais chéanna le Cás a hAon.

Bhí cinneadh an BASM maidir le Cás a Trí ar feitheamh fós ag deireadh na bliana.

**An Ciste Cúitimh a Árachú**

Rinne an tÚdarás an Ciste Cúitimh a athárachú i mí Dheireadh Fómhair 2019 chun an Ciste a chosaint agus lena chinntiú gur féidir déileáil le héilimh ar an gCiste.

## Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)

Cuireadh tús le séasúr 2019 de chlár FGL an ÚRSM i mí Feabhra, agus seoladh imeacht amháin chun freastal ar cheadúnaithe nach raibh na 5 huaire an chloig éigeantacha de FGL ÚRSM curtha i gcrích acu sa bhliain 2018. Mar thoradh ar an tinreamh ar an imeacht sin shroich comhlíontacht fhoriomlán na bliana 2018 leibhéal 96%.

Ar fud na bliana 2019, bhí 30 imeacht FGL ÚRSM san iomlán ann in áiteanna ar fud na tíre agus seoladh imeachtaí i gCorcaigh, i Luimneach, sa Chabhán, i nGaillimh, i mBaile Átha Cliath, sa Mhuileann gCearr, i gCill Chainnigh, i mBaile Átha Luain agus i bPort Láirge. Ar an 31 Nollaig 2019, ba é a bhí sa rata comhlíontachta don bhliain 2019 ná 97.2% agus tá sé beartaithe imeacht 'athdheise' a reáchtáil go luath sa bhliain 2020 chun freastal ar cheadúnaithe nach raibh FGL ÚRSM curtha i gcrích acu don bhliain 2019.

Tá foráil ann sa scéim maidir le cúig huaire an chloig fhoirmiúla de FGL do gach ceadúnaí de chuid an ÚRSM ar FGL é atá le soláthar ag an Institiúid Ceantálaithe agus Luachálaithe Gairmiúla agus ag Cumann Suirbhéirí Cairte na hÉireann, ag gníomhú dóibh thar ceann an ÚRSM. Ba iad Reachtaíocht agus Rialáil, agus Saincheisteanna Ginearálta agus Bainistíocht, an dá phríomhchatagóir FGL ar díríodh orthu le linn na n-imeachtaí. Rinneadh an dá chatagóir sin a mhiondealú ina raon modúl éagsúil inar cumhdaíodh na réimsí atá riachtanach chun a chinntiú go soláthraítear seirbhís ghairmiúil. Is é a leanfaidh as an gclár éigeantach seo ná go mbeidh tuilleadh muiníne ag an bpobal as an gcumas atá ag Soláthraithe Seirbhísí Maoine chun seirbhís ghairmiúil inniúil a sholáthar.

# Sprioc 3

## Caidreamh leis an Earnáil agus Feasacht an Phobail ar an Údarás a Chur Chun Cinn

Tapaíonn an tÚdarás gach deis chun caidreamh leis an earnáil agus feasacht an phobail ar ról agus ar fheidhm an ÚRSM a chur chun cinn.

### Feasacht i measc an Phobail

**Feachtais sna Meáin Chumarsáide**

I rith na bliana 2019, d'eagraigh an tÚdarás dhá fheachtas faisnéise sna meáin chumarsáide, ar raidió náisiúnta agus ar raidió áitiúil, agus, i measc na n-ábhar ar tugadh aghaidh orthu, áiríodh aird a tharraingt ar na hiarmhairtí a bhaineann le soláthraí seirbhísí maoine neamhcheadúnaithe a úsáid agus ar an gceanglas maidir le foirm thuairisceáin léasa tráchtála a chomhlánú.

I mí Dheireadh Fómhair, reáchtáil an tÚdarás feachtas raidió a mhair seachtain agus a bhí dírithe ar an tábhacht a bhaineann le soláthraí seirbhísí maoine ceadúnaithe a úsáid agus ar na cosaintí a bhíonn ag cliaint nuair a úsáideann siad soláthraí ceadúnaithe. Ina theannta sin, spreag an fógrán raidió do dhaoine seiceáil a dhéanamh i gClár na Soláthraithe Seirbhísí Maoine Ceadúnaithe.

I mí na Samhna, bhí an feachtas sna meáin dírithe ar mhéadú a dhéanamh ar chomhlíontacht tionóntaí i leith tuairisceáin léasa tráchtála a chomhlánú. I gcomhthráth le feachtas sna meáin raidió, sheol an tÚdarás feachtas spriocdhírithe litreacha a bhí dírithe ar chontaetha ar leith, á chur i gcuimhne do thionóntaí léasa tráchtála go raibh oibleagáid reachtúil orthu mionsonraí faoina léasanna tráchtála a thíolacadh don Údarás lena bhfoilsiú sa Chlár poiblí Léasanna Tráchtála.

Bhí an tábhacht a bhaineann le gníomhaire ligin ceadúnaithe nó gníomhaire eastáit ceadúnaithe a úsáid ina hábhar ar díríodh air i bhfeachtas sna meáin chumarsáide i mí Lúnasa inar leagadh béim ar leith ar mhéadú feasachta, i measc mac léinn coláiste agus ollscoile maidir le cóiríocht mac léinn a lorg. D'oibrigh an ÚRSM go díreach le hAontas na Mac Léinn in Éirinn (USI) i ndáil le dáileadh faisnéise go díreach ar mhic léinn trí bhíthin pacaí tosaitheora agus pacaí faisnéise oifigigh cóiríochta, rud a neartaigh an tábhacht a bhaineann le húsáid a bhaint as gníomhaire ligin ceadúnaithe. Cuireadh fógráin faoin ÚRSM agus faoi ghníomhairí ligin ceadúnaithe ar Daft.ie agus ar MyHome.ie i rith na tréimhse sin mar iarracht chun díriú ar mhic léinn agus ar a dteaghlaigh a raibh na hardáin sin á n-úsáid acu chun teacht ar chóiríocht. I gcomhthráth leis sin, d'eisigh an tÚdarás preasráiteas inar tarraingíodh aird ar an mbagairt a bhain le gníomhairí ligin bréige a d'airbheartaigh go raibh uimhir cheadúnais ÚRSM á húsáid acu.

**Imeachtaí Poiblí**

I gcomhréir leis an mBeartas Cumarsáide, d'fhéach an tÚdarás le leanúint ar aghaidh lena chaidreamh leis an bpobal. I dtaca leis sin de, bhí seastán taispeána ag an Údarás ag an *Home Buyers and Movers Advice Centre* le linn thaispeántas an Ideal Home Show i mBaile Átha Cliath i mí Aibreáin 2019. Bhí rabharta cuairteoirí ag an bhfoireann agus thug ár láithreacht le linn na hócáide sin deis luachmhar ar fáil i ndáil le ról agus feidhmeanna an Údaráis a chur chun cinn.

Sa bhliain 2019, mhéadaigh an tÚdarás a láithreacht ag imeachtaí poiblí trí fhreastal a dhéanamh ar níos mó ná 50 Taispeántas i dtrí ionad i rith na bliana, is é sin, i Luimneach, i mBaile Átha Luain agus i nGaillimh. Mhair gach imeacht ar leith acu sin dhá lá agus thug siad deis don Údarás cur i láthair uair an chloig a sholáthar don phobal maidir le ról an ÚRSM. D'éirigh go han-mhaith leis na himeachtaí sin agus bhí líon mór daoine den phobal páirteach iontu.

Ina theannta sin, ghlac an tÚdarás páirt i dtaispeántas an Chomórtais Náisiúnta Treabhdóireachta i gContae Ceatharlach i Meán Fómhair 2019 den tríú bliain i ndiaidh a chéile. Lainseáil an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Charlie Flanagan Uas., T.D., Tuarascáil Bhliantúil ÚRSM le linn na himeachta sin.



*An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Charlie Flanagan Uas., T.D., agus Maeve Hogan, Príomhfheidhmeannach ÚRSM, ag Comórtais Náisiúnta Treabhdóireachta 2019.*

**Student Life Careers**

I rith na bliana, lean an tÚdarás d'fhorbairt a dhéanamh ar thionscnamh dar teideal "*Student Life Careers*", ar tionscnamh é a thugann deis do mhic léinn Idirbhliana, agus do mhic léinn 5ú agus 6ú bliana, scrúdú a dhéanamh ar líon mór gairmréimeanna. Is é a bhí i gceist leis an tionscadal sin na físeán a chruthú ina ndearnadh gairmréim mar cheadúnaí a chur chun cinn agus inar taispeánadh an tsolúbthacht agus na buntáistí a bhaineann le hobair san earnáil agus na hionchais maidir le dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh cúrsaí gairmréime de.

Lainseáil an tAire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí, Pascal Donohoe Uas., T.D., an físeán deiridh le linn ócáid a d'eagraigh "*Student Life Careers*" agus Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí (NAPD). Cuireadh ar fáil don phobal é i mí Aibreáin 2019 nuair a lainseáladh ar www.napd.ie é agus scaipeadh é ar scoileanna le go mbeadh rochtain ag mic léinn air.




*Clé go Deas:- Róisín Keenan (ÚRSM), Maeve Hogan (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ÚRSM), an tAire Airgeadais agus Athchóirithe Seirbhíse Poiblí, Paschal Donohoe Uas., TD, Clive Byrne Uas. (Stiúrthóir NAPD), Síobhan Magner Uas. (Boird Oideachais asgus Oiliúna Éireann) agus Rita Kelly Uas. (Príomhoifigeach Feidhmiúchán Student Life Careers) le linn lainseáil Student Life Careers*

## Caidreamh leis an Earnáil

Lean an tÚdarás dá chaidreamh leis an earnáil sa bhliain 2019 trína nuachtlitir a fhoilsiú, trí theachtaireachtaí ríomhphoist ar leith a chur chuig Ceadúnaithe agus trí uasdátú a dhéanamh ar an Fhóram ÚRSM. De bhreis air sin, chuaigh an tÚdarás i mbun caidreamh sonrach leis an earnáil lena n-áirítear an méid seo a leanas:

**Tuarascáil: Tionchar na Rialála ar an Earnáil Seirbhísí Maoine in Éirinn**

Mar thoradh ar an suirbhé a rinne an tÚdarás ar Cheadúnaithe sa bhliain 2018, agus de bhreis ar an taighde a rinne an Dr Róisín Murphy, maidir leis an ábhar sin, lainseáil an tÚdarás am tuarascáil dar teideal '*The Impact of Regulation on the Property Services Sector in Ireland*' i Márta 2019. Ba é an taighde sin an chéad taighde dá chineál agus, de réir mar is eol, ba é an sampla ba mhó Soláthraithe Seirbhísí Maoine é a ndearnadh suirbhé orthu riamh. Bhí tionchar ag torthaí an taighde ar dhréachtú an chéad Phlean Straitéisigh eile de chuid an Údaráis agus foilseofar an plean sin sa bhliain 2020. Tá príomhthorthaí an taighde le fáil i gCairt 21 thíos.

**Comhdháil 2019**


Sheol ÚRSM a chomhdháil tionscnaimh, dar teideal "*Property Services, Facing the Future*", Dé Céadaoin, an 6 Márta 2019 in Ionad Cruinnithe agus Imeachtaí Pháirc an Chrócaigh.

D'oscail an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Charlie Flanagan T.D., an chomhdháil. I measc na gcainteoirí a bhí ann áirítear JP McDowell as *Fieldfisher Solicitors*, Mark Hayward as Cumann Náisiúnta na nGníomhairí Eastáit (NAEA), Propertymark (An Ríocht Aontaithe) agus an Bleachtaire Ard-Cheannfoirt Gearóid Begley as an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, gan trácht ar dhaoine eile.

Bhí na seisiúin chomhdhála dírithe ar phríomhábhair spéise na gceadúnaithe, lena n-áirítear iompar eiticiúil, idirghabháil, an comhrac in aghaidh sciúradh airgid, cosaint leasanna gnó, cosaint tomhaltóirí agus forbairt ghairmiúil. Fuarthas aiseolas an-dearfach ón lucht freastail agus tuairiscíodh an chomhdháil go forleathan sna meáin chumarsáide.

Buaicphointe ar leith de chuid na comhdhála ab ea an cur i láthair a thug an Dr. Róisín Murphy faoi príomhthorthaí na tuarascála dar teideal "*The Impact of Regulation on the Property Services Sector in Ireland*".

### Cairt 21: Cairt Físghraifice maidir le Torthaí Suirbhé






## Na Rialacháin maidir le Caighdeáin Íosta - Fócasghrúpaí na gCeadúnaithe

I rith na bliana 2019, mar chuid de straitéis an Údaráis maidir le caighdeáin íosta a fhorbairt faoi alt 95 den Acht, ar caighdeáin iad a bheadh le baint amach ag ceadúnaithe le linn seirbhísí maoine a sholáthar, d'oibrigh grúpa oibre de chuid an Údaráis chun dréacht-Ionstraim Reachtúil (IR) a dhréachtú trí leas a bhaint as an taithí leathan a bhí acu ar an earnáil. Tar éis bailchríoch a chur ar an dréacht-IR, chuaigh an tÚdarás i dteagmháil leis an earnáil agus tugadh cuireadh do cheadúnaithe agus do gheallsealbhóirí a raibh spéis acu san ábhar páirt a ghlacadh i bhfócasghrúpa chun ábhar an dréacht-IR a phlé. De bharr leibhéal na spéise a léirigh an earnáil sa rannpháirtíocht sin, eagraíodh fócasghrúpaí i dtrí shuíomh (Baile Átha Cliath, Corcaigh agus Baile Átha Luain). Bhí tionchar dearfach ag an teagmháil leis an earnáil agus ag aschur na bhfócasghrúpaí ar ábhar na ndréachtrialachán.

## Comhairliúcháin le geallsealbhóirí maidir le Straitéis ÚRSM

I mí Lúnasa 2019, cuireadh tús le hobair ar fhorbairt an chéad phlean straitéisigh eile de chuid ÚRSM. Mar chuid den fhorbairt sin, seoladh comhairliúcháin le comhlachtaí ionadaitheacha de chuid na hearnála, lena n-áirítear Fóram ÚRSM. Tríd an bpróiseas comhairliúcháin sin, déantar deimhin de go léiríonn na cuspóirí straitéiseacha atá ann sa Phlean sin tuairimí, dearcthaí agus ionchur na bpríomh-gheallsealbhóirí go léir. Tá an chéad phlean straitéiseach eile le teacht i bhfeidhm i Meán Fómhair 2020.

# Sprioc 4

## Cláir Phoiblí a Chothabháil

**Cláir Phoiblí**

Foilsíonn an tÚdarás trí Chlár Phoiblí, mar atá, an Clár Praghsanna Maoine Cónaithe, an Clár Soláthraithe Seirbhísí Maoine Ceadúnaithe agus an Clár Léasanna Tráchtála.

**An Clár Praghsanna Maoine Cónaithe**

Sa Chlár Praghsanna Maoine, foilsítear praghas, dáta díola agus seoladh gach maoine cónaithe a díoladh in Éirinn ó mhí Eanáir 2010 i leith. Faightear an fhaisnéis maidir le praghsanna díola maoine ó Rannóg Ríomhstampála na gCoimisinéirí Ioncaim. Uasdátaítear an fhaisnéis sin ar bhonn seachtainiúil ar láithreán gréasáin an Údaráis. Meastar gur tugadh 1.94 milliún cuairt ar an gClár Praghsanna Maoine sa bhliain 2019 agus fágann sé sin go raibh an clár sin ar an gclár ba mhó cuairt de chuid an Údaráis.

**An Clár Soláthraithe Seirbhísí Maoine**

Foilsítear an Clár Soláthraithe Seirbhísí Maoine ar bhonn seachtainiúil ar láithreán gréasáin an Údaráis. Is é feidhm an Chláir faisnéis a chur ar fáil do na tomhaltóirí i dtaobh an bhfuil an soláthraí seirbhísí maoine (PSP) ar mian leo é/í a fhruiliú ceadúnaithe agus, dá bhrí sin, an bhfuil teideal dlíthiúil aige/aici chun seirbhísí maoine a sholáthar.

Ba ghnách leis an Údarás, i mblianta roimhe seo, ceithre liosta ar leithligh a fhoilsiú ar a láithreán gréasáin agus ba ghnách na liostaí sin a uasdátú ar bhonn seachtainiúil. Mar thoradh ar sheanfhormáid agus ar sheanleagan amach an Chláir, bhí sé ina chúis le mearbhaill i measc úsáideoirí ós rud é go raibh faisnéis faoi cheadúnais daoine agus gnóthaí éagsúla le fáil ar níos mó ná liosta amháin.

I rith bliana 2019, d'athbhreithnigh an tÚdarás foilsiú, cur i láthair agus inúsáidteacht an Chláir Soláthraithe Seirbhísí Maoine. I mí na Samhna 2019, thosaigh an tÚdarás ag foilsiú Clár aonair sealbhóirí ceadúnais reatha, gan aon fhaisnéis eile ann. Fuarthas aiseolas dearfach ó thomhaltóirí agus ón earnáil faoin bhformáid nua sin.

Mar chuid den athbhreithniú, rinne an tÚdarás athrú ar an bhfaisnéis a fhoilsíonn sé sa Chlár. Tá an fhaisnéis seo a leanas le fáil sa Chlár nua Soláthraithe Seirbhísí Maoine:

- Uimhir Cheadúnais;
- Ainm an Cheadúnaí;
- Seoladh gnó an fhostóra. Ar leithligh uaidh sin, taispeántar ainm agus seoladh gnó an fhostóra i ndiaidh ainm an phríomhoifigigh agus/nó an fhostaí;
- Ainm gnó, más infheidhme;
- Aicme Soláthraí e.g. Cuideachta, Comhpháirtíocht, Fostóir Seirbhísí Maoine, Conraitheoir Neamhspleách, Stiúrthóir, Rúnaí, Comhpháirtí, Bainisteoir nó Fostaí;
- Dáta éaga an cheadúnais
- An Cineál Ceadúnais.

**An Clár Léasanna Tráchtála**

Tá oibleagáid reachtúil ar thionóntaí maoine tráchtála an fhaisnéis seo a leanas a thabhairt i leith léasanna tráchtála arna ndéanamh an 3 Aibreán 2012 nó ina dhiaidh:

- Seoladh na maoine tráchtála leasaithe;
- Dáta léas na maoine;
- Ré an léasa;
- An cíos atá iníoctha i leith na maoine;
- Dáta thosach feidhme théarmaí an léasa;
- An chomaoin chaipitiúil (más ann) a bheidh le híoc ag an tionónta nó ag an tiarna talún i leith na maoine tráchtála is ábhar don léas;
- A mhinice a athbhreithneofar an cíos i leith na maoine;
- Na mionsonraí i dtaobh cé atá faoi dhliteanas i leith na rátaí, an árachais, na muirear seirbhíse agus na ndeisiúchán i leith na maoine;
- Glan-achar urláir na maoine in aghaidh gach urláir;
- Na mionsonraí (más ann) maidir le tréimhsí saor ó chíos, maidir leis an am feistithe a cheadófar, maidir le liúntais feistithe agus maidir le ranníocaíochtaí caipitiúla i leith na maoine;
- Na mionsonraí maidir le haon chlásal scoir sa léas;
- Uimhir Aitheantais an Doiciméid Stampála.

Foráiltear leis an gceanglas faoi alt 88 den Acht go mbeidh oibleagáid dhlíthiúil ar dhaoine a dhéanfaidh léas tráchtála tuilleadh mionsonraí faoin léas a chlárú ar bhunachar sonraí léasanna tráchtála an Údaráis laistigh de 30 lá.

Tá an tÚdarás ag leanúint dá iarracht chun comhlíonadh ina leith sin a chur chun cinn agus a spreagadh.

### Cairt 22 Ráta Céatadánach Comhlíontachta de réir Contae

| Ráta Céatadánach Comhlíontachta de réir Contae 2019 v 2018 | | | |
|---|---|---|---|
| An Contae | 2019 | 2018 | Athrú +/- |
| Ceatharlach | 65.29 | 63.76 | 1.53 |
| An Cabhán | 62.03 | 61.08 | 0.95 |
| An Clár | 63.66 | 60.00 | 3.66 |
| Corcaigh | 71.57 | 68.31 | 3.26 |
| Dún na nGall | 64.28 | 61.45 | 2.83 |
| Baile Átha Cliath | 63.67 | 60.33 | 3.33 |
| Gaillimh | 63.69 | 60.30 | 3.39 |
| Ciarraí | 64.90 | 61.43 | 3.47 |
| Cill Dara | 60.89 | 60.71 | 0.19 |
| Cill Chainnigh | 69.89 | 71.35 | -1.46 |
| Laois | 69.18 | 63.20 | 5.98 |
| Luimneach | 66.26 | 63.40 | 2.86 |
| Lú | 56.03 | 54.09 | 1.94 |
| An Longfort | 60.91 | 58.27 | 2.64 |
| Liatroim | 59.42 | 57.88 | 1.54 |
| Maigh Eo | 64.48 | 65.59 | -1.11 |
| An Mhí | 61.51 | 61.99 | -0.48 |
| Muineachán | 60.94 | 61.93 | -0.99 |
| Uíbh Fhailí | 65.98 | 67.33 | -1.36 |
| Ros Comáin | 60.57 | 61.21 | -0.65 |
| Sligeach | 60.77 | 59.20 | 1.57 |
| Tiobraid Árann | 70.33 | 67.51 | 2.83 |
| Port Láirge | 67.89 | 67.98 | -0.08 |
| An Iarmhí | 61.72 | 62.21 | -0.50 |
| Loch Garman | 65.80 | 65.04 | 0.76 |
| Cill Mhantáin | 59.86 | 59.33 | 0.53 |

I mí na Samhna, sheol an tÚdarás feachtas fógraíochta spriocdhírithe in iardheisceart na tíre chun méadú a dhéanamh ar fheasacht tionóntaí maoine tráchtála faoina n-oibleagáid reachtúil maidir le tuairisceán a chomhlánú. Reáchtáladh feachtas litreach i gcomhthráth leis an bhfeachtas raidió sin. Mar thoradh ar an bhfeachtas, tháinig méadú ar an líon tuairisceán a fuarthas ó na réigiúin ar díríodh orthu agus samhlaítear go mbeidh tuilleadh feachtas spriocdhírithe ann i rith na bliana 2020.


Chuaigh an tÚdarás i dteagmháil le comhlachtaí ionadaitheacha de chuid gnóthaí maidir le deiseanna chun aird a tharraingt, i measc a gcomhaltaí, ar an tábhacht a bhaineann le tuairisceán a dhéanamh i leith aon léasanna tráchtála atá acu agus ar na tairbhí a fhaigheann siad ón gClár.

Bhí tionchar ag na hiarrachtaí sin de chuid an Údaráis ar líon na dtuairisceán léasa tráchtála a fuarthas agus a foilsíodh sa bhliain 2019. Foilsíodh 5,099 tuairisceán léasa rud a d'fhág gurbh é a bhí san fhigiúr foriomlán maidir le tuairisceáin léasa a foilsíodh sa Chlár ó bhí an 3 Aibreán 2012 ann ná 37,000. Mar thoradh ar na figiúirí sin shroich an ráta comhlíontachta foriomlán náisiúnta i leith tíolacadh tuairisceán léasa tráchtála leibhéal níos mó ná 65% ag deireadh na bliana 2019.

Tugann Cairt 22 miondealú ar an ráta comhlíontachta de réir contae ag deireadh na bliana 2019 i gcomparáid le deireadh na bliana 2018. Is ceart a lua gur tharla méadú ar an ráta comhlíontachta i réigiún an Iardheiscirt tar éis an fheachtais fógraíochta a seoladh i mí na Samhna.

Tugann Cairt 23 miondealú céatadánach ar thuairisceáin léasa de réir maoine e.g. Maoin talmhaíochta, oifige, miondíola, tionscail, eile agus cumasc cineálacha éagsúla maoine i ndáil leis na tuairisceáin léasa go léir a tíolacadh don Údarás sa bhliain 2019. Ba é a bhí sa chineál maoine a ndearnadh an líon is mó tuairisceán ina leith sa bhliain 2019 ná talamh talmhaíochta ar soláthraíodh 37% de na tuairisceáin ina leith.


### Cairt 23 Tuairisceáin Léasa de réir Cineál Maoine sa bhliain 2019



# SPRIOC 5

## Eagraíocht atá Éifeachtúil agus Éifeachtach a Sholáthar

### Cairt 24 Struchtúr Foirne ar an 31 Nollaig 2019




**POF** - Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, **PC** - Príomhoifigeach Cúnta, **AF** - Ardoifigeach Feidhmiúcháin, **OF** - Oifigeach Feidhmiúcháin, **OC** - Oifigeach Cléireachais

**Acmhainní Foirne**

Déantar faireachán agus tagarmharcáil leanúnach ar struchtúr fhoireann na heagraíochta i gcomparáid le spriocanna agus cuspóirí sonraithe.

De réir mar a leanann gníomhaíochtaí an Údaráis de bheith ag leathnú, déantar cúrsaí acmhainneachta agus struchtúir a athbhreithniú de réir mar is cuí agus, i gcás inar gá aon acmhainní breise a bheith ann, déanann an tÚdarás idirchaidreamh leis an lucht Rialachais Shibhialta agus Acmhainní Daonna sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Soláthraíodh foireann bhuan bhreise don Údarás sa bhliain 2019 nuair a sannadh ceathrar Ardoifigeach Feidhmiúcháin nua (HEO-anna), beirt Oifigeach Feidhmiúcháin nua (Eo-anna) agus aon Oifigeach Cléireachais nua (CO) don Údarás. Tharla roinnt arduithe céime inmheánacha i rith na bliana i measc fhoireann an Údaráis, is é sin le rá, ardaíodh 2 EO go céim HEO agus ardaíodh 1 CO go céim EO. Mar thoradh ar cheapadh foirne buaine breise tá athrú tagtha ar struchtúr foirne an Údaráis de réir mar a thaispeántar i gCairt 24. Sa Chairt sin, cuirtear san áireamh baill foirne de chuid an Údaráis a d'fhág an eagraíocht sa bhliain 2019 de bharr ardú céime, sos gairme, scoir agus aistriú. Dá ainneoin sin, lean acmhainní foirne de bheith ina thosaíocht leanúnach de chuid an Údaráis.

Ag deireadh na bliana, chomh maith leis an bPríomhfheidhmeannach, bhí 30 ball foirne ann san Údarás. Léiríonn an Chairt a bhaineann le Struchtúr na Foirne an líon coibhéiseach ball foirne de réir gráid - 2 AP, 13.6 HEO, 5 EO agus 8.5 CO.

**Acmhainní Seachfhoinsithe**

Sa bhliain 2019, athcheapadh *IP Forensics Ltd*., tar éis próiseas tairisceana, chun na hacmhainní riachtanacha cáilithe a sholáthar atá ag teastáil chun dul i mbun imscrúduithe thar ceann an Údaráis. De bhreis ar na himscrúduithe iniúchta ar chomhlíontacht, thug na Cigirí seachfhoinsithe cabhair le linn imscrúduithe a dhéanamh ar ghearáin.

**Oifigigh Chléireachais Shealadacha**

Chun cabhrú leis an Údarás le linn a bhuaicthréimhse athnuachana ceadúnais i mí an Mheithimh agus i mí Iúil, fuair an tÚdarás tacaíocht ó sheisear oifigeach cléireachais sealadacha. Ó tharla go raibh na hacmhainní breise sin ar fáil don Údarás imríodh tionchar dearfach ar an am a thóg sé chun iarratais ar athnuachan ceadúnais a phróiseáil.

**An tÚdarás a Mhaoiniú**

Gach bliain, déantar na táillí a ngineann an tÚdarás iad a íoc go díreach isteach sa Státchiste agus déanann an Státchiste soláthar airgeadais don Údarás ansin. Is é

€1,000 in aghaidh na bliana an táille cheadúnais nó an táille athnuachana ceadúnais atá le híoc ag Fostóir Seirbhísí Maoine agus is é €100 in aghaidh na bliana an táille atá le híoc ag Fostaí. Sa bhliain 2019, d'íoc an tÚdarás €2.25 milliún leis an Státchiste.

**Rialachas Corparáideach**

Tá Rialachas Corparáideach laistigh de ÚRSM bunaithe orthu seo a leanas:

- An tAcht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011;
- An Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit;
- An Cód Iompair Gnó do chomhaltaí an Údaráis; agus
- Nósanna imeachta Airgeadais agus Soláthair.

Ina cháil mar chomhlacht poiblí, comhlíonann an tÚdarás na nithe iomchuí go léir a bhaineann le rialachas corparáideach arna n-eisiúint ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ag aon Roinn eile Rialtais. Bhí Comhaontú Formhaoirseachta comhaontaithe i bhfeidhm leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais don bhliain 2019 agus athbhreithníodh an comhaontú sin i rith na bliana. Is féidir teacht ar an gcomhaontú sin ar láithreán gréasáin na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ar láithreán gréasáin ÚRSM. Is féidir cóip den Chomhaontú Formhaoirseachta a léamh anseo

Sa Chomhaontú Formhaoirseachta, tugtar sainordú i ndáil le comhlíonadh leanúnach cheanglais iomchuí an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, agus baineadh an méid sin amach.

Tá freagracht ar an Údarás freisin i ndáil leis an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú agus measann sé go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais don bhliain 2018 ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais ÚRSM ag deireadh na bliana sin. Tá a chuid oibleagáidí go léir faoin dlí cánach comhlíonta ag an Údarás.

Ós rud é go dtagann an tÚdarás faoi chúram na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, tagann sé chun bheith faoi réir iniúchadh bliantúil ag rannán Iniúchta Inmheánaigh na Roinne. Ar leithligh uaidh sin, déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh bliantúil ar an Údarás chun a chinntiú go bhfuil leabhair chuí cuntas ann, go bhfuil próisis áirithe á gcothabháil agus go bhfuiltear ag cloí le nósanna imeachta áirithe.

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach don Údarás i ndáil le comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin dá bhforáiltear faoi alt 19 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011, lena n-áirítear faisnéis maidir le comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin a chur ar fáil, de réir mar is gá. Cuireann an Príomhfheidhmeannach an fhaisnéis is déanaí faoin bPlean Straitéiseach agus faoin gClár Rioscaí i láthair ag gach cruinniú de chuid an Údaráis. Tá an tÚdarás tiomanta go hiomlán i leith deimhin a dhéanamh de go bhfuil cultúr láidir rialachais chorparáidigh ann i ndáil lena chuid feidhmeanna agus freagrachtaí uile.

**An Cód maidir le Caiteachas Poiblí**

I rith na bliana ar fad, chloígh an tÚdarás leis na gnéithe iomchuí den Chód maidir le Caiteachas Poiblí a bhí eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**Oibriú an Údaráis**

Tá Cathaoirleach an Údaráis i gceannas ar an mBord agus cinntíonn sé/sí go n-oibríonn sé go héifeachtach trína ghnó a eagrú agus trína chlár oibre a shocrú. De bhreis ar an gCathaoirleach, tá deichniúr comhaltaí eile den Údarás ann a bhfuil raon leathan scileanna láidre comhlántacha acu. Roimh gach cruinniú de chuid an Údaráis, scaiptear na tuarascálacha agus na páipéir iomchuí ar chomhaltaí an Údaráis, lena n-áirítear sonraí faoi fheidhmíocht airgeadais agus faisnéis mhionsonraithe uasdátaithe faoin dul chun cinn agus faoi chur chun feidhme i ndáil leis an bPlean Straitéiseach, más cuí sin. Bíonn deis ag an mBord na tuarascálacha sin a phlé agus an fhaisnéis is déanaí a fháil ón bPríomhfheidhmeannach a fhreastalaíonn ar chruinnithe an Bhoird.

Áirítear na nithe seo a leanas i measc phríomhfhreagrachtaí an Bhoird:

- Plean agus buiséad bliantúil an Údaráis a cheadú agus a mheasúnú;
- Saincheisteanna beartais, amhail Pleananna Straitéiseacha a fhorbairt, réimsí oibre a athbhreithniú agus cóid chleachtais a chomhlíonadh;
- Coistí comhairleacha nó sainchomhairleoirí a cheapadh;
- Táillí a ghearradh agus a ghnóthú;
- Rialacháin a fhorbairt agus a chur chun feidhme;
- An Ciste Cúitimh a riaradh agus cinntí a dhéanamh maidir leis.

Cheadaigh an Bord sceideal feidhmeanna atá tarmligthe do Phríomhfheidhmeannach an Údaráis agus tá na nithe seo a leanas san áireamh iontu:

- Ceadúnais a eisiúint, diúltú ceadúnais a eisiúint agus nithe gaolmhara;
- Imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin, lena n-áirítear Cigirí a cheapadh chun imscrúdú a dhéanamh;
- An Clár Praghsanna Maoine agus an Clár Léasanna Tráchtála a bhunú agus a chothabháil;
- Iarratais chun na hArd-Chúirte.

**Meastóireacht ar Fheidhmíocht an Údaráis**

Sa bhliain 2019, de réir mar a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stát-tionscanta, rinne comhaltaí an Údaráis meastóireacht féinmheasúnaithe feidhmíochta an Údaráis. Déanann Cathaoirleach an Bhoird athbhreithniú, ar bhonn bliantúil, ar an gceanglas maidir le meastóireachtaí féinmheasúnaithe feidhmíochta. Rinneadh torthaí na meastóireachtaí sin a thíolacadh le linn cruinniú Boird ar an 11 Nollaig 2019.

**Bainistíocht Rioscaí**

Oibríonn an tÚdarás beartas foirmiúil bainistíochta rioscaí agus cothabhálann sé Clár Rioscaí i gcomhréir le treoirlínte ón Roinn Airgeadais agus déantar an clár sin a bhainistiú ar bhonn leanúnach. Tá cothabháil an chláir sin ceaptha chun a chinntiú go ndéanfar rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú ar bhonn leanúnach agus go gcuirfear bearta maolaitheacha riachtanacha i bhfeidhm, ach sin faoi réir acmhainní a bheith ar fáil chuige sin. Buanmhír ar Chlár Oibre gach cruinnithe Boird is ea an Clár Rioscaí agus pléitear é ag cruinnithe an Choiste Iniúchta agus Rioscaí freisin.

I gCairt 25, leagtar amach mionsonraí faoi na príomhrioscaí féideartha ar shainaithin an eagraíocht iad don bhliain 2019, mar aon leis na bearta maolaitheacha atá i bhfeidhm chun na rioscaí sin a laghdú:

**Cairt 25 Na Príomhrioscaí a Sainaithníodh**

| An Príomhriosca a sainaithníodh | Na Bearta Maolaitheacha atá i bhfeidhm |
|---|---|
| Riosca do na cosaintí atá ann sa chóras ceadúnúcháin de bharr oibreoirí neamhcheadúnaithe | • Ceapadh cigirí láithreach chun imscrúdú a dhéanamh ar oibreoirí neamhcheadúnaithe tuairiscithe sa Stát<br>• Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun oibreoirí neamhcheadúnaithe féideartha a shainaithint i gcás nach n-athnuaitear ceadúnas<br>• Cigirí seachfhoinsithe ar fáil chun imscrúdú a dhéanamh ar oibreoirí neamhcheadúnaithe.<br>• Leas bainte as próiseas urghaire na gcúirteanna i gcás ina raibh gá leis sin<br>• Ionchúisimh déanta de réir mar ba ghá |
| Ní féidir le Licences. ie a fheidhm a chomhlíonadh | • Conradh i bhfeidhm le An Post<br>• Doiciméad Deimhniúcháin faighte ó An Post agus ó lucht Teicneolaíochta Faisnéise Cumarsáide na Roinn Dlí agus Cirt<br>• Conradh Leibhéil Seirbhíse i bhfeidhm le An Post le haghaidh Licences.ie<br>• Conradh Leibhéil Seirbhíse i bhfeidhm le lucht Teicneolaíochta Faisnéise Cumarsáide na Roinn Dlí agus Cirt |
| Spleáchas an Údaráis ar lucht Teicneolaíochta Faisnéise Cumarsáide na Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais | • Rianú agus tuairisciú seachtainiúil Rialachas TF i bhfeidhm<br>• Tástáil déanta go tráthrialta ar chúltacaí aisghabhála<br>• Ráiteas deimhniúcháin faighte ó lucht Teicneolaíochta Faisnéise Cumarsáide na Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais<br>• Cruinnithe athbhreithniúcháin seolta le lucht Teicneolaíochta Faisnéise Cumarsáide na Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le Comhaontú Leibhéil Seirbhíse<br>• Tá rialuithe ag ÚRSM maidir le Feistí Soghluaiste agus sócmhainní TF a fháil<br>• Rialuithe ar Rochtain ag Úsáideoirí TF - déanann ÚRSM athbhreithniú ar rochtain go tráthrialta |
| An Líon Éileamh Mór/Éilimh Mhóra ar an gCiste Cúitimh | • An Ciste Cúitimh a bheith árachaithe<br>• Nósanna imeachta atá ann chun éilimh ar an gCiste a chur in iúl don fhrithgheallaí<br>• Nósanna imeachta i bhfeidhm chun éilimh a mheas<br>• Coiste Comhairleach an Chiste Cúitimh curtha ar bun chun éilimh a mheas<br>• Lorgaíodh comhairle dhlíthiúil maidir le héilimh i gcás ina bhféadfadh fasach a bheith ann<br>• Bainistiú caingne dlí i leith an Chiste Cúitimh |

**Ráiteas faoi Rialú Inmheánach**

Is féidir an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach ón Údarás Rialála Seirbhísí Maoine don bhliain 2019 a aimsiú in Aguisín 1 den tuarascáil seo.

**Saoráil Faisnéise**

Tagann an tÚdarás faoi réim Saoráil Faisnéise de bhua an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014. Is é is cuspóir don Acht um Shaoráil Faisnéise ná a chinntiú go mbeidh fáil ag an bpobal, a mhéid is mó is féidir, ar fhaisnéis oifigiúil, ach sin i gcomhréir le leas an phobail agus leis an gceart chun príobháideachta.

Foráiltear leis an Acht um Shaoráil Faisnéise go mbeidh na cearta seo a leanas ag gach duine:

- an ceart chun rochtain a fháil ar thaifid oifigiúla atá i seilbh comhlachtaí poiblí, mura bhfuil siad díolmhaithe faoin dlí;
- an ceart go ndéanfaí faisnéis phearsanta a cheartú nó a uasdátú i gcás ina bhfuil an fhaisnéis sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach;
- an ceart chun cúiseanna a fháil le breitheanna a thugann comhlachtaí poiblí, i gcás ina dtéann na breitheanna sin i bhfeidhm orthu go sainráite.

D'fhonn an dea-chleachtas a chinntiú i ndáil le riaradh a fheidhme reachtúla saorála faisnéise, tá ball foirne ceaptha ag an Údarás chun gníomhú mar Oifigeach Saorála Faisnéise chun cabhrú leis an bpobal nósanna imeachta saorála faisnéise a úsáid ar an mbealach is éifeachtaí is féidir.

Fuair an tÚdarás ceithre iarraidh saorála faisnéise sa bhliain 2019. Le linn gach iarraidh ar leith a mheasúnú, d'oibrigh an tÚdarás beartas ar dá réir a d'fhéach sé le géilleadh don iarraidh agus inar bhain sé úsáid ina dhiaidh sin as tástáil "an dochair" agus as an tástáil "leas an phobail" a chur i bhfeidhm de réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise. Cloíodh leis na teorainneacha daingne ama atá leagtha amach san Acht um Shaoráil Faisnéise.

Maidir leis na ceithre iarraidh ó dhaoine den phobal, bhain siad le faisnéis phearsanta agus le faisnéis neamhphearsanta. I gCairt 26, faightear achoimre ar thoradh na n-iarrataí Saorála Faisnéise a fuarthas sa bhliain 2019. Diúltaíodh do dhá cheann de na hiarrataí sin ós rud é nach raibh an fhaisnéis a iarradh ag an Údarás. Diúltaíodh don tríú hiarraidh ach tugadh an fhaisnéis lasmuigh den chreat Saorála Faisnéise. Diúltaíodh don cheathrú hiarraidh ós rud é go raibh an fhaisnéis i seilbh ag an iarrthóra cheana féin. I ngach cás, thug an tÚdarás míniú mionsonraithe don iarrthóir faoina chinneadh don iarrthóir, mar aon leis na cúiseanna leis an gcinneadh sin.

**Achomhairc i leith Saoráil Faisnéise**

Ní dhearnadh aon achomhairc i leith Saoráil Faisnéise i rith na bliana 2019.

**Cosaint Sonraí**

Déanann an tÚdarás de réir na sé phrionsabal de chuid an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí ós rud é, maidir le sonraí pearsanta:

1. Go bpróiseáiltear iad ar bhealach atá dleathach, cothrom agus trédhearcach;
2. Go mbailítear iad chun críocha sonraithe, sainráite. dlisteanacha agus nach ndéantar iad a phróiseáil tuilleadh ar shlí atá ar neamhréir leis na críocha sin;
3. Gur leor agus gurb ábhartha iad, agus go bhfuil siad teoranta, don mhéid is gá;
4. Go bhfuil siad cruinn agus go gcoimeádtar suas le dáta iad;
5. Go ndéantar iad a choinneáil i bhfoirm nach gceadaítear léi na hábhair sonraí a shainaithint ach go ceann tréimhse nach faide ná mar is gá chun na críocha sin ar chucu a dhéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil a bhaint amach;
6. Go bpróiseáiltear iad ar chaoi lena n-áirithítear slándáil iomchuí na sonraí.

Cheap an tÚdarás Oifigeach Cosanta Sonraí agus déileálann an t-oifigeach sin le hIarrataí ó Ábhair Shonraí

**Cairt 26 Iarrataí Saorála Faisnéise sa bhliain 2019**

| Tag. An Chomhaid | Catagóir na hIarrata | Géilleadh di | Páirt-ghéilleadh di | Diúltaíodh di | Diúltaíodh di agus déileáladh léi lasmuigh de Shaoráil Faisnéise | Tarraingthe siar |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Duine den Phobal | | | X | | |
| 2 | Duine den Phobal | | | | X | |
| 3 | Duine den Phobal | | | X | | |
| 4 | Duine den Phobal | | | X | | |

ar Rochtain agus le sáruithe ar sonraí chomh maith le déileáil le treoir agus beartais a fhorbairt i ndáil le réimse na Cosanta Sonraí.

Sa bhliain 2019, fuair an tÚdarás dhá iarraidh ar rochtain ó ábhair shonraí. Déileáladh leis an dá iarraidh ar rochtain ó ábhair shonraí de réir cheanglais na nAchtanna um Chosaint Sonraí.

Bhí cúig shárú ar Chosaint Sonraí ag an Údarás sa bhliain 2019 agus ba sháruithe íseal-leibhéil iad ceithre cinn acu agus ba shárú meánleibhéil é ceann amháin acu. Tuairiscíodh an sárú meánleibhéil d'Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Déileáladh le gach sárú de réir nósanna imeachta an Údaráis i ndáil le cosaint sonraí.

**An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014**

Ní raibh aon nochtadh cosanta ann sa bhliain 2019.

**Leasuithe ar an Acht**

Roimhe seo, rinne an tÚdarás leasuithe reachtaíochta a chur faoi bhráid na Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i ndáil leis an reachtaíocht phríomha a bhaineann leis, is é sin le rá, an tAcht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011, ar leasuithe iad ar bhain an chéad cheann acu le teorainn a chur ar an íocaíocht uasta as an gCiste Cúitimh agus ar bhain an dara ceann acu le leasú ar an sainmhíniú ar mhór-smachtbhanna le go n-áireofar foráil maidir le córas formhaoirseachta a bheith á fhorchur ag an Údarás ar an gceadúnaí. Ag deireadh na bliana, bhí na leasuithe sin ann fós i ndréacht-Bhille na roinne.

Rinneadh méid mór oibre i rith na bliana 2019 maidir le réimse eile den Acht, is é sin le rá, Alt 95 den Acht lena ndéantar foráil maidir le dréachtú rialachán i ndáil le caighdeáin atá le comhlíonadh ag ceadúnaithe le linn seirbhísí maoine a sholáthar faoi chúig phríomhcholún, mar atá:

- Leas an Phobail;
- An Dualgas i leith Chliaint agus Úsáideoirí agus Úsáideoirí Féideartha na Seirbhísí Maoine;
- Iompar Gairmiúil agus Eiticiúil na gCeadúnaithe;
- Rúndacht Fhaisnéis na gCliant;
- Coinbhleacht Leasa.

Tar éis an Ionstraim Reachtúil a achtú, cumasófar don Údarás gearáin a imscrúdú sna réimsí seo. Ag deireadh na bliana, bhí an rialachán seo ag céim an dréachtaithe fós.

Ina theannta sin, bhí an tÚdarás gníomhach ar fud na bliana 2019, i gcomhar le Coimisiún an Aontais Eorpaigh, trí Rannán Ceartais Shibhialta agus Reachtaíochta Comhionannais na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, maidir le haghaidh a thabhairt ar leasuithe ar an Acht a mhéid a bhaineann le soláthar seirbhísí maoine ag soláthraithe as ballstáit AE. Tá na gníomhartha sin á ndéanamh chun a chinntiú go leanfaidh Éire de bheith comhlíontach i dtaca le reachtaíocht AE de. Leanfar den ghníomhaíocht sa réimse seo sa bhliain 2020.

**Dualgas Earnála Poiblí (An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014)**

Tá an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine tiomanta i leith ár gcuid oibleagáidí faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, a chomhlíonadh. Le hAlt 42 den Acht sin, bunaítear dualgas dearfach ar chomhlachtaí poiblí i ndáil le hidirdhealú a chosc, comhionannas a chur chun cinn agus cearta daonna na ndaoine go léir a mbíonn siad i dteagmháil leo a chosaint - foireann, úsáideoirí seirbhíse agus geallsealbhóirí. Sa bhliain 2019, rinne an tÚdarás meastóireacht eagraíochtúil mar chuid den Dualgas Earnála Poiblí. Bainfear úsáid as an meastóireacht sin mar chuid de phlean gníomhaíochta atá le forbairt sa bhliain 2020. Ina theannta sin, d'fhreastail baill foirne agus comhaltaí den Bhord ar cheardlann dar teideal 'Unconscious Bias' i rith na bliana.

**Saincheisteanna Comhshaoil agus Fuinnimh**

Ní mór do ÚRSM tuairisciú a dhéanamh ar bhonn bliantúil maidir le tomhailt fuinnimh ag an oifig agus maidir leis na tionscnaimh a ndeachthas ina mbun chun feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh. I dtaca leis sin de, leanann an tÚdarás d'oibleagáidí reachtúla agus d'oibleagáidí eile a chomhlíonadh i ndáil le saincheisteanna comhshaoil agus fuinnimh. Rinneadh na sonraí riachtanacha go léir a chur faoi bhráid an SEAI (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann) in am. De réir I.R. Uimh. 426 de 2014 (Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éifeachtúlacht Fuinnimh)), bhain ÚRSM laghdú céatadánach 62.7% amach inár gceannoifig san Uaimh maidir le húsáid fuinnimh ag deireadh na bliana 2018. Tá sé sin os cionn na sprice is gá, is é sin le rá, laghdú 33% den úsáid fuinnimh faoin 31 Nollaig 2020.

Tá deireadh curtha ag ÚRSM le hordú plaisteach aonúsáide de réir Chinneadh an Rialtais dar dáta an 3 Eanáir 2019.

Rinneadh *oifigeach feidhmíochta fuinnimh agus bainisteoir feidhmíochta fuinnimh* a cheapadh laistigh de ÚRSM agus bíonn siad i dteagmháil go gníomhach le Fóram na mBainisteoirí Fuinnimh agus le Fóram na nOifigeach Feidhmíochta Fuinnimh sa Roinn Dlí agus Cirt & Comhionannais.

# AGUISÍN 1

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach



# Aguisín 1

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

**Scóip na Freagrachta**

Thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine, aithním an fhreagracht atá ar an Údarás i ndáil lena chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a oibriú san Údarás. Maidir leis an bhfreagracht sin, cuirtear san áireamh an ceanglas atá ann mar thoradh ar an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

**Cuspóir an Ráitis faoi Rialú Inmheánach**

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun rioscaí a bhainistiú de réir leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur le rioscaí. Dá bhrí sin, ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a chur ar fáil go bhfuil sócmhainní á gcoimirciú, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go gcoisctear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go mbraitear iad ar bhealach tráthúil.

Rinneadh an córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a chur i bhfeidhm san Údarás Rialála Seirbhísí Maoine sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 agus suas go dtí an dáta a ceadaíodh na ráitis airgeadais.

**Na Rialuithe Inmheánacha atá i bhFeidhm**

Is deimhin leis an Údarás go bhfuil na córais atá i bhfeidhm ag an Údarás réasúnach agus oiriúnach do chúinsí an Údaráis, ag féachaint do mhéid a oibríochtaí, do leibhéal caiteachais a oibríochtaí, d'acmhainní foirne a oibríochtaí agus do chineál a oibríochtaí. Ach ní thugann na córais, ná ní féidir leis na córais, deimhniú iomlán a thabhairt in aghaidh earráid ábhartha.

Tá an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sa bhliain 2016 glactha ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine.

**An Cumas chun Riosca a Láimhseáil**

Tá Coiste Iniúchta agus Rioscaí (ARC) ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine, agus tá beirt chomhaltaí den Údarás agus beirt chomhaltaí seachtracha ar an gCoiste sin. Is deimhin liomsa, mar Chathaoirleach ar an Údarás, gur chuir an ARC a ról i gcrích go héifeachtach sa bhliain 2019, agus go raibh ceithre chruinniú aige i rith na bliana.

Rinne an Bord an beartas bainistíochta riosca a athbhreithniú agus a chomhaontú, ar beartas é ina leagtar amach an leibhéal riosca inghlactha agus na próisis bhainistíochta riosca.

Is é an tAonad Iniúchta Inmheánaigh sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a chomhlíonann feidhm Iniúchta Inmheánaigh an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine faoi fhormhaoirseacht an Choiste Iniúchta ar Vóta 24 (Dlí agus Ceart agus Comhionannas). Is é ról Aonad Iniúchta Inmheánaigh na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais dearbhú neamhspleách a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm ar fud an Vóta.

Déanann Aonad Iniúchta Inmheánaigh na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais iniúchadh ar rialuithe airgeadais agus ar rialuithe eile san Údarás gach bliain.

**An Creat Riosca agus Rialaithe**

Chuir an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine córas bainistíochta riosca chun feidhme, ar córas é lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí nach mór don Údarás aghaidh a thabhairt orthu agus rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a suntasachta. Athbhreithníonn agus uasdátaíonn an Coiste Iniúchta agus Riosca an clár i gcomhairle leis an Lucht Bainistíochta Sinsearaí. Úsáidtear toradh na meastóireachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt agus chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

Sa chlár rioscaí, tugtar mionsonraí faoi na rialuithe agus faoi na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht i ndáil le hoibriú rialuithe a shanntar do bhaill foirne shonracha. Daingníonn an tÚdarás go bhfuil córas rialaithe i bhfeidhm ina gcuimsítear na gnéithe seo a leanas:

- Tá taifeadadh déanta ar nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó go léir;
- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ar leibhéal bainistíochta, agus tá cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leis na freagrachtaí sin;
- Tá córas buiséadaithe cuí ann, agus tá buiséad bliantúil ann a choinnítear faoi athbhreithniú ag an lucht bainistíochta sinsearaí;

- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú. Soláthraíonn Rannán TFC na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais seirbhísí TFC don Údarás Rialála Seirbhísí Maoine. I mBealtaine na bliana 2019, chuir siad ráiteas dearbhaithe ar fáil inar leagadh amach na próisis rialaithe a bhí i bhfeidhm an tráth sin. Soláthraíonn An Post córas iarratais ceadúnais ar líne ar fáil trí Licences.ie thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine. I mí Feabhra 2020, fuarthas doiciméad dearbhaithe ó An Post maidir le slándáil agus rialuithe an chórais de réir mar a bhí i bhfeidhm i rith na bliana 2019. Cuireadh comhaontú leibhéil seirbhíse i bhfeidhm le An Post sa bhliain 2018.
- Tá córais ann chun sócmhainní an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine a choimirciú; agus
- Tá nósanna imeachta rialaithe ann maidir le measúnú agus íocaíochtaí as an gciste cúitimh.

**Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach**

Tá Doiciméad Rialaithe Inmheánaigh i bhfeidhm ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine, ar doiciméad é ina sainaithnítear na rioscaí don Údarás, na rialuithe atá i bhfeidhm agus na nósanna imeachta tuairiscithe agus faireacháin.

Déanann an tÚdarás na mórchinntí straitéiseacha agus tagann sé le chéile ag eatraimh tráthrialta chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar phleananna. Ní ghníomhaíonn an lucht bainistíochta feidhmiúcháin ach de réir an údaráis a tharmligeann an tÚdarás chucu chun éifeacht a thabhairt do bheartais agus do chinntí an Údaráis.

Rinneadh lámhleabhar mionsonraithe nós imeachta a ullmhú agus a chur i bhfeidhm. Nuair is féidir, déantar dualgais foirne a dheighilt go cuí agus na rioscaí atá ann an líon teoranta foirne á gcur san áireamh.

Daingním go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- Sainaithníodh príomhrioscaí agus príomhrialuithe agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a thuairisciú,
- Tá nósanna imeachta foirmiúla ann maidir le gach cineál earra agus seirbhísí a cheannach, maidir le sonraisc a cheadú i ndáil le hearraí agus seirbhísí agus maidir le híocaíocht a údarú i ndáil le hearraí agus seirbhísí. Neartaíodh nósanna imeachta ina leith sin le linn na bliana trí mholtaí a tháinig as an tuarascáil iniúchta inmheánaigh a chur chun feidhme.
- Déanann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin athbhreithnithe go tráthrialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamhaisnéisí.
- Tagann nósanna imeachta an Údaráis maidir le rialú airgeadais agus rialuithe eile faoi réir athbhreithniú bliantúil ag an Aonad Iniúchta Inmheánaigh sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Déanann Coiste Iniúchta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais athbhreithniú ar obair an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal a bhfuil freagracht i ndáil le bainistíocht airgeadais sannta chuige.

**Dearbhuithe**

***Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide***

Baineann an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine leas as an tseirbhís chomhroinnte tacaíochta TFC a chuireann an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar fáil. Tá Comhaontú Leibhéil Seirbhíse ann leis an Roinn i ndáil leis an tseirbhís TFC agus tá socruithe i bhfeidhm chun cúltaca a ullmhú i leith chórais ÚRSM. Chuir IM&T na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais doiciméad dearbhaithe ar fáil maidir leis na rialuithe a bhí ann sa bhliain 2019.

Soláthraíonn An Post córas iarratais ceadúnais ar líne ar fáil trí Licences.ie thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine. Mar thoradh ar an gcóras ar líne sin tá feabhas mór curtha ar éifeachtúlacht agus ar éifeachtacht an phróiseas athnuachana ceadúnais agus tá sé beartaithe tuilleadh forbairtí a dhéanamh. Fuarthas doiciméad dearbhaithe ó An Post maidir le slándáil agus rialuithe an chórais atá ann. Cuireadh comhaontú leibhéil seirbhíse i bhfeidhm le An Post sa bhliain 2018.

***Seirbhísí Airgeadais Comhroinnte***

Baineann an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine leas as na seirbhísí comhroinnte airgeadais a chuireann an Roinn

Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar fáil. Fuarthas litir dearbhaithe ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le rialuithe i dtaca le soláthar seirbhísí comhroinnte.

Ina theannta sin, baineann an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine leas as seirbhísí comhroinnte de chuid an Ionaid Seirbhísí Comhroinnte Párolla (PSSC) atá á riaradh ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá an tseirbhís sin cumhdaithe faoi Chomhaontú Leibhéil Seirbhíse atá ann idir an PSSC agus an Roinn.

**Soláthar**

Daingním go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha maidir le soláthar agus gur chomhlíon an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine na nósanna imeachta sin sa bhliain 2019.

**Athbhreithniú ar Éifeachtacht**

Daingním go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Maidir le hobair an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine i ndáil le faireachán agus athbhreithniú ar an gcóras rialaithe iniúchta inmheánaigh, tá sé bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus na n-iniúchóirí seachtracha, ar obair an Coiste Iniúchta agus Riosca a dhéanann formhaoirseacht ar obair na n-iniúchóirí sin agus ar obair an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh den Údarás Rialála Seirbhísí Maoine atá freagrach i ndáil leis an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Daingním go ndearna an tÚdarás athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2019. Is deimhin leis an Údarás, a mhéid is indéanta, gur córais éifeachtacha iad na córais rialaithe inmheánaigh airgeadais a bunaíodh agus a cuireadh chun feidhme san Údarás Rialála Seirbhísí Maoine don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019.

**Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach**

***Nochtadh Mionsonraí faoi Chásanna inar tharla Sáruithe ar Rialú***

Níor sainaithníodh aon laigí sa bhliain 2019 maidir le rialuithe inmheánacha ar laigí iad ar gá nochtadh a dhéanamh ina leith sna ráitis airgeadais.

***Nochtadh Mionsonraí faoi Chaillteanais Ábhartha nó faoi Chalaois***

Níl aon ábhair chalaoise le tuairisciú don bhliain 2019.



**Geraldine Clarke**
Cathaoirleach





PSRA Údarás Rialála Seirbhísí Maoine
Property Services Regulatory Authority

www.psr.ie